Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029

Glactha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe

16 Nollag 2024

Clár an Ábhair

Ábhair

Reachtaíocht maidir leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 7

Próifíl Daonra Chathair na Gaillimhe 7

Cóiríocht de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe don Lucht Siúil atá ann cheana ... 9

Cuid 1 Réiteach agus Comhairliúchán 13

An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil 13

Cuid 2 Ráiteas Polasaí 15

Cuid 3 Ráiteas Straitéise 18

Cuid 4 Athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 20

Cuid 5 Measúnú ar Riachtanas Cóiríochta 32

Cuid 6 Spriocanna Bliantúla 40

Láithreán Stad Neamhbhuan Cheathrú an Bhrúnaigh 41

Láithreán Stad Chúl Trá 42

Láithreán Stad Dhabhach Uisce agus Bhóthar Thuama 42

Láithreán Stad Neamhbhuan Cheathrú an Bhrúnaigh 42

Measúnú ar an nGá atá le Láithreán Stad Neamhbhuan.....42

Cuid 7 Cearta an Duine, Comhionannas agus Dualgas na hEarnála Poiblí 45

Cuid 8 den Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 2029 Athbhreithnithe Bliantúla.....47

Aguisín 1 – Liosta na n-aighneachtaí a bhí faighte.....48

Aguisín 2 - Measúnú ar shaincheisteanna a bhaineann le Comhionannais agus Cearta an Duine 49

Aguisín 3 Athbhreithniú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 52

Aguisín 4 An Fhoghlaim don Todhchaí a Ghabháil, an LTACC 61

Aguisín 5 Cairt Chustaiméirí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 63

Gluais

TAP: Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

Cóiríocht Láithreáin Stad ar leith don Lucht Siúil: Cóiríocht Cónaithe shaintógtha

cóiríocht don Lucht Siúil, arna soláthar ag údarás áitiúil. Láithreáin stad go ginearálta

ina mbeidh bánna, áit a mbeidh bá amháin in ann aonad teaghlaigh a óstáil. ar a dtugtar freisin 'láithreán stad le seirbhísí' nó ' láithreán stad bá'[1].

Cóiríocht Grúpthithíochta ar leith don Lucht Siúil: Cóiríocht le haghaidh

roinnt teaghlach de chuid an Lucht Siúil san aon láthair amháin nó sa chás go bhfuil teaghlach sínte ag maireachtáil le chéile bunaithe ar fhéiniúlacht choiteann an Lucht Siúil.[2]

Bá: Láthair phleanáilte ina bhfuil spás páirceála do charbhán/teach soghluaiste

agus foirgneamh tí níos lú le cistin, áiseanna seomra folctha agus áiseanna seirbhíse eile[3].

DHLGH: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

DCEDIY: An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

IHREC: Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

TAU: An tAonad um Chóiríocht don Lucht Siúil

GCC: Comhairle Cathrach na Gaillimhe

GTM: Gluaiseacht Taistealaithe na Gaillimhe

---

[1] Cóiríocht don Lucht Siúil agus Plean Forbartha na nÚdarás Áitiúil, Oifig an Rialaitheora Pleanála, Deireadh Fómhair 2021

[2] Cóiríocht don Lucht Siúil agus Plean Forbartha na nÚdarás Áitiúil, Oifig an Rialaitheora Pleanála, Deireadh Fómhair 2021

[3] Cóiríocht don Lucht Siúil agus Plean Forbartha na nÚdarás Áitiúil, Oifig an Rialaitheora Pleanála, Deireadh Fómhair 2021

LTACC: An Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil

AHB: Comhlacht Ceadaithe Tithíochta

HAP: Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

RAS: Scéim Cóiríochta Cíosa

RS: Forlíonadh Cíosa

LTL: Léasú Fadtéarmach

EOI: Léiriú Spéise

NGO: Eagraíocht Neamhrialtasach

LCDC: An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Reachtaíocht maidir leis an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil

Ceanglaítear ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, faoi fhorálacha Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998, Clár Cóiríochta cúig bliana don Lucht Siúil a ullmhú agus a ghlacadh chun freastal ar riachtanais reatha agus riachtanais réamh-mheasta an Lucht Siúil ina limistéar riaracháin. Faoi Alt 10 den Acht, tá treoir tugtha ag an Aire go rachaidh an clár reatha in éag ar 30 Meitheamh 2024 agus clúdóidh an clár nua an chéad tréimhse cúig bliana eile dar tús 1 Eanáir 2025. Is é an dáta is déanaí chun an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) 2025-2029 a ghlacadh ná an 31 Nollag 2024. Is é seo an séú clár atá ullmhaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Próifíl Daonra Chathair na Gaillimhe

Is í Cathair na Gaillimhe an ceathrú cathair is mó in Éirinn agus an t-aon chathair i gCúige Chonnacht.

Tugann Daonáireamh 2022 le fios go raibh 84,414 duine ina gcónaí i gcathair na Gaillimhe in Aibreán 2022, sin méadú 7.3% ó 2016.

Bunaithe ar phatrúin fáis meastar go bhfuil daonra 2023 na Gaillimhe ag 85,258. Is í Gaillimh an chathair is tapa fáis in Éirinn le 50 bliain anuas

Tá aitheantas ag an Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith taobh istigh de dhaonra na hÉireann ó bhí 1 Márta 2017 ann. Sainmhínítear an lucht siúil in Alt 13 (1) d'Acht na dTithe 1988 (arna leasú le hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 mar “dhaoine a bhaineann leis an aicme daoine a shaothraíonn slí bheatha fhánach go hiondúil nó a shaothraigh san am a chuaigh thart”. De réir fhigiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh 2022, tá 1,748 ball den Lucht Siúil ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe, méadú 8.8% ar an daonra ón daonáireamh deireanach. Is ionann an Lucht Siúil agus 2.1% den daonra i gcomparáid le 0.7% go náisiúnta. I gcathair na Gaillimhe is baill de Lucht Siúil na hÉireann iad 21 as gach 1,000 duine. Déanann an tábla thíos daonra an Lucht Siúil sa chathair a rangú de réir inscne.

Daonra Lucht Siúil Chathair na Gaillimhe

Bliain	Daonra	Fir	Mná	Daonra Lucht Siúil na hÉireann in aghaidh gach 1,000 den daonra iomlán
2022	1748	853	895	21
2016	1606	790	816	21

Foinse: Daonáireamh na Príomh-Oifige Staidrimh 2022

Teaghlaigh ón Lucht Siúil i gCóiríocht Údaráis Áitiúil

De réir Chomhaireamh na nÚdarás Áitiúil 2023, meastar go bhfuil 457 teaghlach ina gcónaí i gcóiríocht a chuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar fáil go díreach nó le cúnamh uaithi, lena n-áirítear láithreáin neamhúdaraithe. Tugtar cuntas sa tábla thíos ar an gcóiríocht atá ag teaghlaigh ón Lucht Siúil i gcathair na Gaillimhe.

Tithíocht Chaighdeánach na nÚdarás Áitiúil	Grúpthithíocht na nÚdarás Áitiúil	Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla	Comhlachtaí Deonacha	Láithreáin Stad	Láithreáin neamhúdaraithe
63%	4%	6%	12%	14%	.2%

Foinse: Comhaireamh Bliantúil na nÚdarás Áitiúil 2023

De réir na Príomh-Oifige Staidrimh, is é meánlíon na ndaoine atá ina gcónaí i dTeaghlach de chuid an Lucht Siúil ná 4.6 duine in aghaidh an teaghlaigh, beagnach dhá oiread an mheáin i gcás teaghlaigh nach den Lucht Siúil iad.

Cóiríocht de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe don Lucht Siúil atá ann cheana

Cóiríocht Láithreáin Stad ar leith don Lucht Siúil

Suíomh	Bánna	Teaghlaigh	Meastachán ar Líon na dTeaghlach Ag roinnt
Láithreán Stad Pháirc San Nioclás	5	5	0
Láithreán Stad Neamhbhuan Cheathrú an Bhrúnaigh	20	20	1
Láithreán Stad Neamhbhuan Cheathrú an Bhrúnaigh	13	13	6
Láithreán Stad Chúl Trá	6	6	9
Láithreán Stad Chuil Sheoige	7	7	4
Láithreán Stad an Chuarbhóthair	5	5 (2025)	0
Iomlán	56	51	20

Cóiríocht Grúpthíthíochta ar Leith don Lucht Siúil

Suíomh	Líon na dTithe	Líon na dTeaghlach	Meastachán ar líon na dTeaghlach a bheidh ag roinnt
Béal Srutha	8	8	2
Fána Glas	8	3	1
Bóthar an Chóiste	3	3	1

Páirc San Nioclás Dabhach Uisce	3	3	0
Clós na Coille	5	5	0
Iomlán	27	22	4

4 Láithreáin Stad Buan

27 Grúpthithe



1 Grúpthithíocht don Lucht Siúil (Comhdhearadh)

(Le bheith críochnaithe i Ráithe 1 2025)

51 Bá ag Láithreáin Stad



1 Láithreán Stad Neamhbhuan

20 Teaghlach ag Roinnt ag Láithreáin Stad

Léarscáil den Chóiríocht ar Leith don Lucht Siúil atá ann Cheana agus atá Beartaithe

EXISTING TRAVELLER SPECIFIC ACCOMMODATION

PROPOSED / REFURBISHED TRAVELLER SPECIFIC ACCOMMODATION

JOB: TAP 2019 - 2024 PROPOSED SITES	DRAWING: LOCATION MAP	JOB NO: R128104	GALWAY CITY ARCHITECTS
SITE: GALWAY CITY	SCALE: NTS	DRG NO: L(-)01	
CLIENT: HOUSING DEPARTMENT	DATE: JAN 2020	REVISION: - STAGE: S	

Cuid 1 Réiteach agus Comhairliúchán

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin ar 4 Eanáir 2024 de bhun Alt 8 den Acht a chuir ceangal ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe fógra míosa a thabhairt do pháirtithe leasmhara sula ndéanfaí measúnú ar na riachtanais chóiríochta. I measc na bpáirtithe leasmhara a dtabharfar fógra dóibh tá na hÚdaráis Tithíochta atá ag teorantach léi, FSS, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe atá i mbun cóiríocht a chur ar fáil, an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC), cibé comhlachtaí pobail eile a mheasann an tÚdarás Tithíochta a bheith ábhartha lena n-áirítear Eagraíochtaí áitiúla de chuid an Lucht Siúil

Eisíodh réamhfhógra i scríbhinn chuig roinnt seirbhísí ar 4 Eanáir 2024 maidir le rún Chomhairle Cathrach na Gaillimhe dréachtchlár cóiríochta don Lucht Siúil a ullmhú agus san áireamh bhí cuireadh aighneachtaí a chur isteach maidir leis an gclár. Cuireadh síneadh ama leis an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí toisc go raibh sé iarrtha. Rinneadh aighneachtaí[4] a bhí faighte ó réimse soláthraithe seirbhíse a mheas nuair a bhí an dréacht den chlár á ullmhú.

Bhí rannpháirtíocht leanúnach ar bun le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus le hionadaithe an Lucht Siúil atá ar an LTACC chun an dréachtchlár a phlé le linn dó a bheith á ullmhú.

An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tá Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe comhdhéanta de Chathaoirleach neamhspleách, 6 Chomhairleoir Cathrach tofa, 3 ionadaí tofa ón Lucht Siúil, 1 ionadaí ó Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus raon oifigeach de chuid na comhairle. Cuirtear ionadaíocht an Lucht Siúil ag an gcoiste i gcrích trí phróiseas toghcháin trína vótálann an Lucht Siúil sa chathair ar son an ionadaí is fearr leo chun feidhmiú mar idirghabhálaí idir an Lucht

[4] In Aguisín 1 tá liosta na n-aighneachtaí a bhí faighte

Siúil agus oifigigh na comhairle. Is é príomhchuspóir an LTACC agus a fhochoistí ná an beartas tithíochta don Lucht Siúil a bhrú chun cinn, comhairle a thabhairt maidir le hullmhú an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil agus a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm é. Tacaíonn an dá fhochoiste le hobair an LTACC: Bainistíocht agus Feidhmiú Eastáit

Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe le Prótacal Cumarsáide chun caidrimh oibre chomh maith le feidhmiú éifeachtach a LTACC a chumasú, bunaithe ar a luachanna mar a bhaineann le dínit, neamhspleáchas, rannpháirtíocht, cuimsiú, ceartais shóisialta agus ceartais chomhshaoil. Is dréachtdoiciméad é an Prótacal Cumarsáide agus beidh sé faoi réir athbhreithniú agus nuashonrú leis an LTACC nua. Tugadh ról don choiste maidir leis an bplean gníomhaíochta um chomhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn i dtaca le cóiríocht don Lucht Siúil chomh maith le tacú le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí.

Cuid 2 Ráiteas Polasaí

- Aithníonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach mionlaigh agus oibreoidh sí lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais chultúrtha a oiread agus is féidir.
- Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do chur chuige comhionannais agus cearta an duine agus í ag soláthar agus ag bainistiú na cóiríochta don Lucht Siúil, i gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint. Tá tiomantas na Comhairle don chomhionannas agus do chearta an duine á spreagadh ag sraith comhroinnte de luachanna lena n-áirítear Dínit; Neamhspleáchas; Rannpháirtíocht; Cuimsiú: Ceartas Sóisialta agus Ceartas Comhshaoil.
- Tabharfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe aird ar raon straitéisí a chuireann comhionannas agus cuimsiú an Lucht Siúil chun cinn, lena n-áirítear na moltaí atá san áireamh i dtuarascálacha an Chomhchoiste Oireachtais ar Phríomhcheisteanna a mbíonn tionchar acu ar an Lucht Siúil agus Sainghrúpa Athbhreithnithe an Lucht Siúil DHLGH, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais, agus an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach. Tá an chomhairle ag fanacht le tuilleadh treorach ón DHLGH maidir le ról na nÚdarás Áitiúil i gcur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach II 2024-2029.
- Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe cóiríocht ar ardchaighdeán don Lucht Siúil a chur ar fáil do theaghlaigh ón Lucht Siúil atá i limistéar na comhairle agus a chomhlíonann na critéir chun cáiliú do thithíocht shóisialta agus de réir a Scéime Tosaíochtaí Ligin.
- Déanfar na hiarratais ar chóiríocht a fhaigheann Comhairle Cathrach na Gaillimhe a mheas de réir na reachtaíochta agus na rialachán tithíochta. Cuirfear comhairle agus cúnamh ar fáil d'iarratasóirí ar thithíocht shóisialta agus/nó dá n-ionadaithe, má iarrann an t-iarratasóir sin, chun aghaidh a

thabhairt ar aon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus an próiseas iarratais tithíochta á chur i gcrích. Tá *Easy Read Guide*, ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun an t-iarratas tithíochta a líonadh isteach agus tá sé curtha ar fáil do Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe chun cuidiú lena mbaill.

- Nuair a bheidh cóiríocht á leithdháileadh agus á bainistiú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, tabharfaidh sí aird ar fhorálacha na Scéime Tosaíochtaí Ligin 2017 a bhfuil glactha aici léi, Straitéis Bainistíochta Eastáit 2019, Straitéis Iompair Fhrithshóisialta 2018 chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht eastáit, meascán sóisialta cuí taobh istigh de na limistéir, comhoiriúnacht na dteaghlach, iompar frithshóisialta, agus na riachtanais maidir le toisí na dtithe.
- Tabharfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe aird ar Phlean Straitéiseach Chathair na Gaillimhe maidir le Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 – 2026 a bhfuil sé mar aidhm aige freagairt do na riachtanais tithíochta leanúnacha agus athraitheacha a bhíonn ag daoine atá faoi mhíchumas. Áirítear leis seo baill den Lucht Siúil atá faoi mhíchumas agus atá ina gcónaí nó atá ag iarraidh a bheith ina gcónaí i gCóiríocht ar Leith don Lucht Siúil. Leanfaidh an chomhairle d'athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais iarratasóirí de chuid an Lucht Siúil a bhfuil riachtanas míchumais acu faoi na ceithre chatagóir: Meabhairshláinte, Míchumas Fisiciúil, Céadfach agus Intleachtúil, lena n-áirítear teaghlaigh a bhfuil leanbh faoi mhíchumas acu. Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (HDSG) chun tacú le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tá foghrúpaí curtha in áit anois ag an nGrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais le príomhghníomhaireachtaí seachtracha chun réitigh chomhoibríocha a chur chun cinn.
- Tabharfaidh an chomhairle cúnamh agus spreagadh do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB) chun scéimeanna cóiríochta caighdeánacha agus scéimeanna cóiríochta ar leith don Lucht Siúil a chur ar fáil do theaghlaigh de

chuid an Lucht Siúil.

- Oibreoidh an Chomhairle go dlúth le Soláthraithe Seirbhíse do Dhaoine gan Dídean, leis an LTACC agus leis an Lucht Siúil a mheastar a bheith gan dídean chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais chóiríochta trí thacaíochtaí tithíochta sóisialta cuí a úsáid.
- Is gá do gach tionónta de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe comhaontú Tionóntachta a shíniú ina leagtar amach coinníollacha na tionóntachta agus a bhunaíonn caidreamh dlíthiúil idir an Tionónta agus an tÚdarás Áitiúil. Cuirfear Lámhleabhar Tionóntachta ar fáil do gach Tionónta.
- Ní cheadóidh an chomhairle campaí gan chead ar a tailte agus tabharfaidh sí foláireamh do theaghlaigh de réir mar is cuí. Geallann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go n-oibreoidh sí i gcomhpháirtíocht leis na teaghlaigh sin agus le gníomhaireachtaí eile chun tacú leo maidir leis na riachtanais chóiríochta atá acu.
- Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh ag dul i gcomhairle leis an Lucht Siúil, le heagraíochtaí don Lucht Siúil agus leis an gCoiste Comhairleach Áitiúil don Lucht Siúil maidir le saincheisteanna a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil.
- Tacóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le tionscnaimh a fheabhsóidh an rannpháirtíocht agus an chuimsiú, ionas go bhféadfar cabhrú le pobail láidre inbhuanaithe a fhorbairt.

Bainistíocht Eastáit

Leagtar amach i Straitéis Bainistíochta Eastáit Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2019 an chaoi a ndéanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe bainistíocht ar a tionóntachtaí agus ar a heastáit, lena n-áirítear láithreáin stad. Cuirfear Beartas Bainistíochta Eastáit a Bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil i gcrích i gcás na cóiríochta a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil faoi R1 2025 agus cuirfear i bhfeidhm é le linn thréimhse an chláir seo.

Cuid 3 Ráiteas Straitéise

Mar Údarás Tithíochta, is é an straitéis atá ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ná na teaghlaigh sin de chuid an Lucht Siúil ar measadh go raibh riachtanas tithíochta acu nach bhféadfaidís a shásamh óna n-acmhainní féin a aithint agus gach rogha agus acmhainn is féidir a úsáid chun freastal, a oiread agus is féidir, ar an riachtanas seo.

I measc na modhanna a bheidh in úsáid don seachadadh beidh cothabháil ar láithreáin stad atá ann cheana féin, grúpthithíocht dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil, láithreáin stad dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil, tithíocht chaighdeánach de chuid na n-údarás áitiúil, tithíocht arna soláthar ag comhlachtaí ceadaithe tithíochta agus cóiríocht a aimsítear sa mhargadh cíosa príobháideach faoin Scéim Cóiríochta Cíosa, Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta agus an Scéim don Léasú Fadtéarmach.

Sa chás go bhfuiltear ag smaoineamh ar thograí cóiríochta tógála dírí, rachaidh an chomhairle i gcomhairle le hionadaithe ón Lucht Siúil agus le teaghlaigh aonair de chuid an Lucht Siúil ag céim an deartha agus ag gach céim den fhorbairt ón bpleanáil go dtí an seachadadh. Cinnteoidh sé seo go gcuirfear riachtanais theaghlaigh an Lucht Siúil san áireamh le linn an phróisis.

Tacaíonn an chomhairle le coincheap na 'gComharsanachtaí Comhroinnte', bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta cultúrtha agus na n-idirghníomhaíochtaí idirchultúrtha dearfacha, agus gníomhóidh sí chun cuir chuige a fhorbairt a spreagfaidh agus a thacóidh le 'Comharsanachtaí Comhroinnte' a mbeidh pobal an Lucht Siúil agus ag an tsochaí i gcoitinne páirteach iontu, ionas go bhféadfar pobail láidre inbhuanaithe a fhorbairt.

Bearta don chur i bhfeidhm

Ceanglaítear le halt 10 (2) (e) go gcaithfidh bearta nó tograí sonracha a bheith sa chlár freisin le haghaidh gach údarás cur chun feidhme nó gach páirtí eile lena mbaineann. Meastar gur cheart go gclúdódh na bearta sin:

- An réimse cóiríochta a theastaíonn a chur ar fáil
- Cúnamh don Lucht Siúil chun cóiríocht a chur ar fáil á úsáidfidh siad féin
- Cúnamh do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe mar a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil a chur ar fáil nó a bhainistiú.
- Socruithe maidir le bainistíocht chuí, lena n-áirítear cúnamh leis an gcóiríocht thuas a bhainistiú.

Cuid 4 Athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil

Tá cur síos ar a bhfuil bainte amach ag an gclár deireanach sa tábla thíos.

Spriocanna & Gnóthachtálacha an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024

Cineál Cóiríochta	***Spriocann a TAP***	***Iomlán na nAonad a Cuireadh ar Fáil***
Gnáth-Ligean na nÚdarás Áitiúil	50	90
Tithíocht Chaighdeánach an AHB	30	43
Grúpthithíocht (Údarás Áitiúil & AHB)	15	0
Ceannach ag Tionóntaí	0	5
Teaghlaigh atá ina gcónaí i dtithe a bhí faighte ón Údarás Áitiúil nó a feabhsaíodh le cúnamh ón Údarás Áitiúil Síntí	5	5
Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos - RAS	5	0
Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos -LTL	5	2
Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos - HAP	100	29
Grúpthithíocht ar Leith don Lucht Siúil Cultúrtha	25	0
Láithreáin Stad Buan	7	8
Líon iomlán na dteaghlach de chuid an Lucht Siúil	242	182

Foinse: Clár & Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn TAP Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2019-2024

Grúpscéim Tithíochta ar leith don Lucht Siúil ar an gCuarbhóthar

Tá athfhorbairt á déanamh ar an Láithreán Stad ar an gCuarbhóthar. Nuair a bheidh siad críochnaithe, rangófar na cúig aonad cóiríochta ansin mar Ghrúpthithíocht ar Leith don Lucht Siúil. Seo thíos grianghraif den athfhorbairt ar an gCuarbhóthar.

Oibreacha Breise ag Láithreáin Stad

Tá cur síos sna táblaí thíos ar oibreacha breise a chuir na foirne Cothabhála agus Innealtóireachta i gcrích ag gach láithreán Stad sa chathair le linn an chláir.

Oibreacha Breise ag Láithreáin Stad

Cineál Cothabhála	**Oibreacha atá curtha i gcrích**
1 Cothabháil Phleanáilte: gach láithreán stad.	**Oibreacha sábháilteachta dóiteáin mar seo a leanas:** -Glanadh simléir -Deimhniúchán maidir le brathadóirí deataigh, teasa agus aonocsaíd charbóin -Deimhniúchán maidir le múchtóir dóiteáin

	-Cigireacht ar bhlaincéad dóiteáin -Tástáil sreabhadh dóiteáin ar na hiodraint ar fad agus ar na comhlaí a bhaineann leo. -Cigireacht thréimhsiúil bhliantúil ar leictreachas -Comharthaíocht maidir le sábháilteacht dóiteáin -córas brúchóirithe uisce le haghaidh Láithreán Sealadach Cheathrú an Bhrúnaigh. -córas nua spól píobáin dóiteáin ag Laithreán sealadach Cheathrú an Bhrúnaigh. ***Oibreacha caipitil mar seo a leanas:*** -uasghrádú ar an ionad pobail -aonaid leasa nua ag láithreán sealadach Cheathrú an Bhrúnaigh. -uasghrádú ar an gcóras teasa ag láithreán buan Cheathrú an Bhrúnaigh. -clós súgartha a thógáil ag láithreán buan Cheathrú an Bhrúnaigh -clós súgartha a thógáil ag Clós na Cille. -measúnú stoirme
2 Cothabháil Rialta:	-obair phleanáilte ar chóras draenála bréan ag láithreán Bhóthar Thuama -seirbhísiú ar chaidéil ag láithreáin Cheathrú an Bhrúnaigh. -oibreacha feabhsúcháin taise -fálú a dheisiú -seirbhísiú agus cothabháil ar fhálú -línte séarachais salach agus línte stoirme a scairdeadh ag gach ceann de na láithreáin

3 Bainistiú Dramhaíola:	-Seirbhísí bailithe dramhaíola a chur ar fáil do gach Láithreán Stad. -Bóithre seirbhísí a ghlanadh ag láithreán Cheathrú an Bhrúnaigh.
4 Oibreacha diúscartha:	-Clár bainistíochta diúscartha ag gach ceann le na láithreáin stad.
5 Bainistíocht ar Bhóthar an Eastáit:	-oibreacha deisiúcháin ar dhromchlaí cosáin -rampaí moillithe tráchta ag láithreán sealadach Cheathrú an Bhrúnaigh -silteáin ar na bóithre a scairdeadh -oibreacha comharthaíochta.

Clós Súgartha Chlós na Cille

Leagtha amach sa tábla thíos tá achoimre bhliantúil ar chaiteachas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le linn thréimhse an chláir ar mhíreanna cóiríochta don Lucht Siúil 1 go 5.

Achoimre ar an gCaiteachas Cothabhála

Bliain	An méid a chaith Comhairle Cathrach na Gaillimhe (€)
2019	Thart ar €353,336 CBL san áireamh
2020	Thart ar €526,343 CBL san áireamh
2021*	Thart ar €734,000 CBL san áireamh
2022*	Thart ar €854,000 CBL san áireamh
2023**	Thart ar €738,000 CBL san áireamh
2024	Thart ar €426,874 CBL san áireamh
Iomlán (€)	Thart ar €3,632,553 CBL san áireamh

*Níl an méid a chuirtear i leataobh le haghaidh pá san áireamh.

**Níl an méid a chuirtear i leataobh le haghaidh pá san áireamh.

Bearta Iarfheistithe

Cuireadh bearta iarfheistithe i gcrích ar thithíocht shóisialta an Lucht Siúil faoi chéim 1 den chlár iarfheistithe, sa chás gur tugadh cead isteach do na suiteálaithe. Sa chéim seo, cuireadh insliú áiléir isteach agus pumpáladh na cuasbhallaí le cúr inslithe.

Feabhsúcháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar Sheirbhísí

An tAonad um Chóiríocht don Lucht Siúil

Bunaíodh Aonad um Chóiríocht don Lucht Siúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le linn an chláir, agus fostaíodh roinnt ball foirne a bhfuil raon de scileanna acu chun tabhairt faoi obair a bhaineann go sonrach le Cóiríocht don Lucht Siúil. Léiríonn an fhorbairt tiomantas leanúnach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe seirbhísí tithíochta

chomh maith le seirbhísí pobail a sholáthar agus a sheachadadh do phobal an Lucht Siúil sa chathair.

Clár Rannpháirtíochta na bPobal Ildánach

Tacaíonn baill foirne de chuid Chlár Rannpháirtíochta na bPobal Ildánach le pobail an Lucht Siúil i gCathair na Gaillimhe tríd an gClár Pobal Ildánach, a thugann maoiniú do tionscnaimh chultúrtha agus chruthaitheacha ar mhaithe le folláine agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn.
Seo thíos liosta de thionscnaimh chultúrtha agus chruthaitheacha a fuair tacaíocht ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le déanaí agus a raibh pobail de chuid an Lucht Siúil sa chathair páirteach iontu.

In 2024, thacaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le gné rannpháirtíochta a bhain le Misleór, féile phobail faoi stiúir an Lucht Siúil a chuir Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe i láthair. Is tionscadal pobail comhoibritheach traschultúrtha é an Tionscadal *Patchwork Nomadic* atá faoi stiúir grúpa ealaíontóirí teicstíle le fócas ar an bPóca Coirníní *(Beady Pocket)*, togra a bunaíodh mar fhreagairt ar mhianta agus ar riachtanais an lucht siúil áitiúil - go háirithe mná óga de chuid an Lucht Siúil.

Ar mhaithe le meon dearfadh i leith na hathchúrsála, an ghníomhaíochais chruthaithigh agus an cheangail chultúrtha a chothú, reáchtáladh ceardlanna pobail le mná óga de chuid an Lucht Siúil i gCathair na Gaillimhe, faoi stiúir na n-ealaíontóirí áitiúla ón Lucht Siúil Jane Ward agus Nora Mongan. Chruthaigh na rannpháirtithe a bpócaí coirníní féin a bhí le feiceáil mar chuid den taispeántas Teicstílí in Amharclann Oileán Altanach. Chomh maith leis sin d'oibrigh Jane Ward agus Nora Mongan le mná óga ón Lucht Siúil chun ‘Póca Coirníní Misleór’/'Misleór Beady Pocket' - póca 'beo beathach' a chruthú agus mhaisigh aíonna ón lucht siúil a bhí páirteach sa bhféile é.

D'oibrigh foireann na bPobal Ildánach le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe chun Féile Ealaíon an Taoibh Thoir, féile phíolótach ealaíon pobail sa Bhaile Bán agus i nDabhach Uisce a fhorbairt. Rinne an fhéile scéalaíocht an Lucht Siúil a óstáil i gcúig bhunscoil sa chomharsantach agus chomh maith leis sin thaispeáin siad an tionscadal 'Reimagining Life on the Road' in Ionad Acmhainní Pobail an Bhaile Bháin.

In 2023, tugadh tacaíocht do na tionscnaimh seo a leanas trí Chlár Éire Ildánach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
Mar chuid de Chruinniú na nÓg, chuir tionscadal móréilimh Music Generation Chathair na Gaillimhe, Livefeed, ceoltóirí ón Lucht Siúil dála PJ Mongan agus Francis Ward, chomh maith le hamhránaithe óga eile ó gach cearn de Chathair na Gaillimhe, i láthair ag ceolchoirm lae san ionad ceoil aitheanta, an Róisín Dubh.
I mí Mheán Fómhair, thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú do chlár dírithe ar theaghlaigh sínte mar chuid de Misleór – Féile le haghaidh Cultúir an Lucht Siúil, ina raibh seisiúin scéalaíochta leis an ealaíontóir Oein De Bhairduin, ciorcal filíochta, léirithe ceoil don óige, i measc go leor eile.
I mí na Samhna, d'óstáil Músaem Cathrach na Gaillimhe imeacht a rinne ceiliúradh ar dheich mbliana de chomhoibriú agus de chomhpháirtíocht le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus leis an lucht siúil i gcoitinne i nGaillimh. Áiríodh leis sin:

- Taispeántas grianghrafadóireachta, 'Reimagining Life on the Road'
- Taispeántas amuigh faoin aer, 'The Children of Carrowbrowne'
- Samhail de Champa Lucht Siúil i bhforhalla mhúsaem na cathrach.
- Cás músaeim ina bhfuil réada ceardaíochta de chuid an Lucht Siúil ar nós póca coirníní agus naprún, bláthanna páipéir agus stán oibrithe. Thug an Músaem cuireadh do Stacey Cleary, mac léinn dall sna déaga de chuid an Lucht Siúil atá ag freastail ar Choláiste Pobail Bhaile Chláir, na réada ceardaíochta a láimhseáil agus bunaithe

ar a taithí, an t-ábhar le haghaidh an chéad lipéad Braille de chuid an Mhúsaeim a scríobh agus tá sé le feiceáil anois i dtaispeántas ceardaíochta an Lucht Siúil. Is é an lipéad seo an chéad cheann dá leithéid atá in aon mhúsaem de chuid na hÉireann.
In 2022 agus 2023, bhronn Éire Ildánach maoiniú ar Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe trína scéim 'Folláine an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht', a thacaigh lena dtionscadal 'Reimagining Life on the Road', a taispeánadh ag Fisheries Field mar chuid d'Fhéile Misleór. Mar chuid d'athchruthú na gcampaí traidisiúnta bhí ceardlanna idirghníomhacha ar siúl ar dhéanamh bláthanna páipéir, gaibhniú stáin, déanamh póca coirníní, agus bácáil aráin, chomh maith le Night Shift, dráma nua a scríobh Rosaleen McDonagh.

Tá tionchar forleathan ag obair na bPobal Ildánach. Ina athbhreithniú, rinne Pobail Ildánacha Éireann amach gur chuir a chuid oibre feabhas ar scóip na n-údarás áitiúil, ag cur lena dtionchar agus a infheictheacht, ag cruthú deiseanna do phobail, ag cur ar chumas na n-údarás áitiúil mórtas áite agus mothú muintearais a neartú chomh maith le sláinte agus folláine a fheabhsú tríd an rannpháirtíocht chruthaitheach.

Cathair na Gaillimhe Shláintiúil

Tá Cathair na Gaillimhe Shláintiúil mar chuid de Chlár na gCathracha Sláintiúla na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Le tacaíocht ó Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe (LCDC), tá Cathair na Gaillimhe Shláintiúil bunaithe ar an rannpháirtíocht, ar chomhoibriú agus ar chomhpháirtíochtaí nuálacha fadtéarmacha a chruthú. Déanann Coiste Stiúrtha (Fochoiste de chuid LCDC Chathair na Gaillimhe) maoirseacht ar thionscnamh Chathair na Gaillimhe agus tá ionadaithe ar an gCoiste ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe, Cur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte FSS, Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe, Sláinte agus Folláine FSS, Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus Amach! LGBT na Gaillimhe. Is iad na príomhréimsí a bhfuil an tseirbhís dírithe ná Meabhairshláinte & Folláine, Timpeallachtaí Saor ó Thobac, Díobháil a Bhaineann le

hAlcól a Chosc agus a Laghdú, Sláinte Ghnéis, Bia Sláintiúil agus Gníomhaíocht Choirp. Le linn an chláir dheireanaigh, maoiníodh tionscadail éagsúla don Lucht Siúil sa chathair, faoin tionscnamh Éire Shláintiúil don Lucht Siúil, lena n-áirítear:

- Tionscadal Sláinte & Folláine Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe a thacaigh le
- Teiripe Eachaí
- Clár Tógála Muiníne
- Ranganna Damhsa
- Gníomhaíocht choirp / ranganna cleachtadh cuarda
- Lá Meabhairshláinte an Lucht Siúil
- Imeachtaí Fiosrúcháin ar Mheabhairshláinte
- Clár Oiliúna Comhionannais agus Éagsúlachta a dhearadh agus a sheachadadh – Inniúlacht Chultúrtha i mBun Gníomhaíochta, lámhleabhar oiliúna agus clár.
- Cláir don Ghníomhaíocht Choirp chun aghaidh a thabhairt ar na constaicí maidir le gníomhaíocht choirp a tharlaíonn i measc fir agus mná de chuid an Lucht Siúil i gcathair na Gaillimhe.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Easpa Dídine Réigiún an Iarthair 2020-2023 creat straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine sa réigiún.

Rinne Rannóg Tithíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe bainistiú agus athbhreithniú ar gach teaghlach a fuair rochtain ar sheirbhísí éigeandála do dhaoine gan dídean. D'oibrigh an fhoireann agus í dírithe ar obair idirghníomhaireachta chun teaghlaigh a bhogadh de réir a chéile ar ais sa phobal leis na tacaíochtaí riachtanacha, le comhoibriú idir Foireann do Dhaoine gan Dídean Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, an Rannóg Oibre Sóisialta agus iad siúd a chuireann

seirbhísí éigeandála ar fáil do dhaoine gan dídean. Cuirtear seirbhísí éigeandála do dhaoine gan dídean ar fáil ar bhonn leanúnach d'fhir, do mhná agus do theaghlaigh an Lucht Siúil tar éis measúnú a bheith déanta. Déanann COPE na Gaillimhe agus SIMON na Gaillimhe tionscadail éagsúla athlonnaithe a bhainistiú agus a oibriú sa chathair agus cuireann siad réimse de thionscadail tithíochta idirthréimhseach ar fáil ó thacaíocht mheánach go tacaíocht íseal, go tionscadail ardtacaíochta.

Aithníonn Tithíocht do Chách an tábhacht a bhaineann leis na tacaíochtaí cuí a bheith curtha ar fáil do theaghlaigh agus do leanaí atá i gcóiríocht éigeandála ionas gur féidir bealaí amach as an easpa dídine a aimsiú. Tá Beart 3.18 laistigh den Phlean ann chun tacaíochtaí níos fearr mar a bhaineann le tionóntachtaí a choinneáil a aithint agus a chur ar fáil do theaghlaigh atá gan dídean go fadtéarmach ionas go mbeidh siad in ann imeacht ó easpa dídine agus a dtithe a chothabháil. Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY), Údaráis Áitiúla agus TUSLA ainmnithe mar chomhúinéirí ar an ngníomh seo.

Anuas air sin, rinne foghrúpaí a bunaíodh faoin gCoiste Náisiúnta Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean agus Tascfhórsa Tithíochta Sóisialta na Gaillimhe moltaí go ndéanfaí treoirthionscadal a fhorbairt chun tacaíochtaí cuairte níos déine a chur ar fáil do theaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta acu ar mhaithe le cabhrú leo imeacht go rathúil ón easpa dídine agus a bheith in ann maireachtáil go neamhspleách.

I Ráithe 2 2023, chuir DHLGH tús leis an bhforbairt ar scéim phíolótach, a chuirfeadh cóiríocht tacaíochta bunaithe ar thithíocht ar fáil do theaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta acu i gCathair agus i gContae na Gaillimhe. Ar mhaithe leis an bhforbairt ar an scéim seo a bhrú chun cinn, bunaíodh grúpa stiúrtha i Meitheamh 2023 ar a raibh ionadaithe ó DHLGH, Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe agus ionadaithe áitiúla ó FSS agus TUSLA. Reáchtáladh comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus seoladh próiseas soláthair ansin i Ráithe 4-23, ag lorg eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuirfeadh tacaíochtaí ar fáil do na teaghlaigh a bhí páirteach sa scéim phíolótach. Nuair a bhí

athbhreithniú déanta ar aighneachtaí a bhí faighte tríd an bpróiseas soláthair, d'éirigh le heagraíocht neamhrialtasach, Cope Galway, i Ráithe 1-24.

Seoladh an treoirthionscadal i mí an Mheithimh 2024 agus bunaíodh grúpa faireacháin agus cur chun feidhme. Tugadh tús áite sa scéim phíolótach do dhá theaghlach ón Lucht Siúil. Ainmníodh ionadaí ón Lucht Siúil le bheith ar ghrúpa forfheidhmithe an Choiste Náisiúnta um Ghníomhaíocht do Dhaoine gan Dídean. Oibreoidh an scéim seo ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse tosaigh 18 mí agus déanfar athbhreithniú ina dhiaidh sin.

Dúshláin a bhfuil tionchar acu ar sheachadadh TAP 2019-2024:

Bhí roinnt dúshláin le sárú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe thar shaolré TAP 2019-2024 a raibh tionchar acu ar sheachadadh spriocanna le linn na tréimhse sin.

- Mar thoradh ar Covid '19 dúnadh áiseanna tógála agus dá bharr seo cuireadh moill ar thograí. Nuair a thosaigh an obair athuair le linn Covid 19, mar gheall ar riachtanais Sláinte & Sábháilteachta cuireadh srian ar líon na ndaoine a bhí ceadaithe ar na láithreáin tógála agus bhí tionchar aige seo ar tháirgíocht.
- Cead Pleanála Diúltaithe: Dhiúltaigh an Bord Pleanála do dhá iarratas a rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus a bhain le forbairtí ar leith don Lucht Siúil. Ba iad an dá iarratas a diúltaíodh ná Bóthar Áth Cinn áit a mbeadh 3 Aonad ar leith don Lucht Siúil agus An Caorán áit a raibh 8 nAonad dírithe go Sonrach ar an Lucht Siúil pleanáilte
- Glúineach: Tá Glúineach ag fás ag láithreán Respond i nDabhach Uisce agus tá tionchar aige seo ar an dul chun cinn agus mar gheall ar go rabhthas ag dumpáil go mhídhleathach ar an nGlúineach cothaíodh srianta comhshaoil.
- Tá laghdú tagtha ó 2019 ar líon na mball de Lucht Siúil atá ag cur fúthu i gcóiríocht phríobháideach ar cíos. Níor chuir an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta ná an Scéim Cóiríochta Cíosa mórán deiseanna ar fáil don Lucht Siúil mar gheall ar an líon teoranta réadmhaoine a bhí ar fáil, constaicí a

bhain le cúinsí cultúrtha agus tiarnaí talún a bheith i gcoinne cóiríocht a chur ar fáil do theaghlaigh ón Lucht Siúil.

- Bhí sé dúshlánach do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe bunachar talún agus talamh a bhí oiriúnach agus criosaithe a aimsiú don chóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil.

Conclúid

Mar fhocal scoir, chuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe 75% dá spriocanna cóiríochta don Lucht Siúil i bhfeidhm le linn thréimhse a cláir dheireanaigh. Cuireadh cóiríocht ar fáil trí aonaid a leithdháileadh ag forbairtí Caighdeánacha Údaráis Áitiúil agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, cóiríocht phríobháideach ar cíos, éadálacha, síntí, cóiríocht ar leith don Lucht Siúil, Scéimeanna Iasachta Carbhán agus scéimeanna Ceannach ag Tionóntaí. Le go mbeadh na spriocanna curtha i bhfeidhm go rathúil bhíothas ag brath ar go mbeadh an LTACC, a bhí taobh thiar de chur chun feidhme an chláir, ag obair go héifeachtach.

Cuid 5 Measúnú ar Riachtanas Cóiríochta

Mar chuid den Suirbhé ar Riachtanas Cóiríochta, cuireadh 567 teaghlach ar an eolas i litir faoin TAP le haghaidh 2025-2029 agus iarradh orthu foirm shuirbhé a líonadh isteach chun cur síos a dhéanamh ar a riachtanas cóiríochta agus ar an suíomh ab fhearr leo.

Bhí na teaghlaigh a ndearnadh suirbhé orthu ina gcónaí sna cineálacha cóiríochta seo a leanas:

Cineál Cóiríochta	**Líon na dTeaghlach**
Tithíocht Chaighdeánach na nÚdarás Áitiúil	284
Grúpthithíocht	22
Comhlacht Ceadaithe Tithíochta/Tithíocht Dheonach	71
Láithreán Stad	70
HAP	16
HAP le haghaidh Daoine gan Dídean	15
PASS le haghaidh Daoine gan Dídean	60
Ar Cíos go Príobháideach (RAS/LTL/Forlíonadh Cíosa)	18
Fógraí Nua	2
Liosta Aistrithe	9
Iomlán	567

*Ní dhearnadh suirbhé ar 6 theaghlach i dTithíocht Chaighdeánach Údaráis Áitiúil toisc gur leo a dteach féin

Bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe a bpróiseas measúnaithe maidir le riachtanas cóiríochta ar na foinsí eolais seo a leanas:

- Suirbhé ar Riachtanais Chóiríochta 2024
- Comhaireamh Bliantúil an Lucht Siúil 2023
- Bunachar Sonraí Tithíochta I Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
- Achoimre ar an Measúnú ar Thithíocht Shóisialta 2023
- Sonraí Daonáirimh Náisiúnta 2022

Rinneadh athbhreithniú sa mheasúnú ar riachtanais chóiríochta 259 teaghlach a bhfuil cónaí orthu i gcineálacha éagsúla cóiríochta sa chathair. Tugann an figiúr léargas ar theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil a meastar riachtanas Tithíochta Sóisialta a bheith acu agus cuimsíonn sé teaghlaigh atá ceadaithe le haghaidh Aistrithe. Tá roghanna cóiríochta na dteaghlach a ndearnadh suirbhé orthu liostaithe ar an tábla thíos.

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029 Roghanna Cóiríochta Theaghlaigh an Lucht Siúil

Rogha Tithíochta	**Rogha**
Láithreán Stad ar Leith don Lucht Siúil	57
Grúpthithíocht ar Leith don Lucht Siúil	22
Údarás Áitiúil Caighdeánach/Comhlacht Tithíochta Ceadaithe	180
Iomlán	259

Foinse TAP Measúnú ar Riachtanas Cóiríochta 2025-2029

TAP 2025-2029 Rogha Áite

Iarradh ar theaghlaigh an áit ab fhearr leo cur fúthu ann a roghnú agus cead acu an chathair, an contae nó an dá áit acu a roghnú.

Roghnaigh os cionn 96% de theaghlaigh an Lucht Siúil an chathair mar an áit ab fhearr leo; is sa chontae amháin ab fhearr le 3% de na teaghlaigh a bheith lonnaithe. Léiríonn an phíchairt na háiteanna ab fhearr leis na teaghlaigh.



Foinse TAP Measúnú ar Riachtanas Cóiríochta 2025-2029

Aonaid a theastaíonn

Bunaithe ar thorthaí an Mheasúnaithe ar Chóiríocht, tá gá le 259 aonad cóiríochta chun freastal ar riachtanais theaghlaigh an Lucht Siúil le linn an chláir.

I measc na n-aonad a theastaíonn dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil tá 57 aonad de Chóiríocht ar Láithreáin Stad agus 22 aonad de Ghrúpthithíocht.

Chomh maith leis sin, beidh gá le 180 aonad de thithíocht Chaighdeánach Údaráis Áitiúil / Comhlacht Ceadaithe Tithíochta. Léiríonn an tábla thíos an riachtanas cóiríochta de réir an tsóirt cóiríochta agus líon na seomraí leapa a theastaíonn, taobh istigh den chathair.

Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029 Aonaid a Theastaíonn de réir Líon na Seomraí Leapa



Foinse TAP Measúnú ar Riachtanas Cóiríochta 2025-2029

Iarratais ar Aistriú Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Is féidir le teaghlaigh iarratas a dhéanamh ar aistriú chuig cóiríocht mhalartach atá taobh istigh de stoc tithíochta sóisialta na cathrach i gcomhréir leis an Scéim Tosaíochtaí Ligin.

Iarratais atá i bpáirt ag an gComhairle Cathrach agus ag an gComhairle Contae

Ó tugadh isteach na Rialacháin um Measúnú ar Thithíocht Shóisialta 2011, tá sé de cheart ag iarratasóir tithíochta 3 cheantar tosaíochta a roghnú Oirthear, Iarthar agus limistéar den chontae.

Bhí Comhairle Cathrach na Gaillimhe i dteagmháil le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun aird a tharraingt ar na riachtanais chóiríochta a bhí ag 35 teaghlach ón Lucht Siúil atá ar an liosta Tithíochta a choinníonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus a roghnaigh limistéar i gContae na Gaillimhe. Seo a leanas an chóiríocht dá dtabharfar tosaíocht i gcás na dteaghlach sin:

- Tithíocht Chaighdeánach: 14 Teaghlach
- Grúpthithíocht ar leith don Lucht Siúil 6 Teaghlach
- Láithreán Stad ar Leith don Lucht Siúil 15 Teaghlach

Riachtanas Cóiríochta Réamh-mheasta

Is gá d'údaráis tithíochta na riachtanais chóiríochta atá ag teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil a gcaithfear freastal orthu faoin gclár nua aithint, agus caithfidh baint a bheith ag cuid de seo leis an riachtanas réamh-mheasta a thiocfaidh chun cinn sa raon de roghanna cóiríochta atá ar fáil.

D'fhonn riachtanas cóiríochta teaghlaigh an Lucht Siúil a thuar le linn shaolré an chláir, thagair Comhairle Cathrach na Gaillimhe do staitisticí daonra na Príomh-Oifige Staidrimh, do Chomhaireamh Bliantúil an Lucht Siúil agus do thorthaí na hanailíse ar riachtanais, Measúnaithe maidir le Cóiríocht. Léiríonn Comhaireamh Bliantúil theaghlaigh an Lucht Siúil ó 2004 go dtí an lá atá inniu ann an méadú leanúnach atá ag teacht ar theaghlaigh an Lucht Siúil taobh istigh den chathair. Sa bhliain 2004, bhí 278 teaghlach de chuid an Lucht Siúil i gceantar Údarás Áitiúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar dháta an chomhairimh, i 2023 bhí an daonra ardaithe go dtí thart ar 615 teaghlach.

Trí úsáid a bhaint as an meastachán méadaithe 4% a moladh i dTuarascáil Thascfhórsa an Rialtais ar an Lucht Siúil i 1995, agus aird tugtha ar Staidéar Sláinte Taistealaithe Uile-Éireann 2010, táthar ag tuar go bhféadfadh go mbeadh 27 teaghlach breise in aghaidh na bliana ar an meán ann le linn shaolré an chláir seo. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar na figiúirí.

Meastar go sroichfidh 143 páiste de chuid an Lucht Siúil 18 mbliana d'aois le linn an chláir agus tá meastacháin bhliantúla leagtha amach sa tábla thíos.

Líon páistí de chuid an Lucht Siúil a mheastar a shroichfidh 18 mbliana le linn TAP 2025-2029

Bliain Bhreithe	2007	2008	2009	2010	2011	Iomlán
Líon páistí	26	27	25	32	33	143

Foinse TAP Measúnú ar Riachtanas Cóiríochta 2025-2029

Lucht Siúil gan Dídean

Déanann Rannóg Tithíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe bainistiú agus athbhreithniú ar gach teaghlach a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí éigeandála do dhaoine gan dídean. Oibríonn an fhoireann agus iad dírithe ar obair idirghníomhaireachta chun teaghlaigh a bhogadh ar ais sa phobal de réir a chéile leis na tacaíochtaí riachtanacha, i gcomhpháirt le Foireann do Dhaoine gan Dídean Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, an Rannóg Oibre Sóisialta agus dreamanna a chuireann seirbhísí éigeandála ar fáil do dhaoine gan dídean.

Is dúshlán i gcónaí é seirbhísí do dhaoine gan dídean a sholáthar atá freagrúil do riachtanais chultúrtha theaghlaigh an Lucht Siúil agus tá gá le taighde náisiúnta.

Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe rianú agus clárú ar na riachtanais ar leith atá ag teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil maidir le freagairtí ar easpa dídine, d'fhonn tuiscint a fháil agus iniúchadh a dhéanamh ar an deis atá ann freagairtí cóiríochta ar leith don Lucht Siúil a fhorbairt a bheadh oiriúnach ó thaobh cultúir de.

Daoine Óga ón Lucht Siúil Gan Dídean

D’aithin Tithíocht do Chách - Straitéis don Aos Óg gan Dídean 2023 – 2025, go bhfuil daoine óga de chuid an Lucht Siúil ar cheann de na sé ghrúpaí leochaileacha is mó atá i mbaol a bheith fágtha gan dídean. Tá idirghabháil luath agus comhoibriú idirghníomhaireachta leis na hÚdaráis Áitiúla, an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil, Grúpaí Ionadaíocha don Lucht Siúil agus Fóram Réigiúnach Sláinte an Lucht Siúil de chuid FSS riachtanach chun daoine óga de chuid an Lucht Siúil a ullmhú le go bhféadfaidh siad teacht ar an gcóiríocht is fearr leo agus rochtain a fháil sa phobal ar aon tacaíochtaí a mbeadh gá leo.

Tá sé tábhachtach go mbeadh idirchaidreamh a luaithe agus is féidir le hOibrithe Cúram Sláinte Pobail agus leis an Údarás Áitiúil maidir leis na riachtanais tithíochta atá ag daoine óga de chuid an Lucht Siúil. Ba cheart an tithíocht is fearr le daoine agus na roghanna tithíochta a fhiosrú ionas nach mbeidh daoine óga ag braith ar na seirbhísí príomhshrutha atá ann do dhaoine gan dídean.

Rachaidh an rannóg do Dhaoine gan Dídean, an tOifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil agus an tOifigeach Cothaithe Tionóntachta i dteagmháil le daoine óga de chuid an Lucht Siúil atá i mbaol a bheith fágtha gan dídean agus más gá cuirfidh siad treoir ar fáil maidir le hidirghabháil, cothú tionóntachta agus na tacaíochtaí eile a bhfuil fáil orthu.

Cuirfidh an tÚdarás Áitiúil oiliúint rialta ar fáil d'oibrithe Cúram Sláinte Pobail le go mbeidh siad in ann cabhrú le daoine óga de chuid an Lucht Siúil Iarratais iomlána ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta a líonadh agus a chur isteach chomh luath agus is féidir.

Conclúid

Léiríonn torthaí an tsuirbhé ar riachtanas cóiríochta gur fearr le teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil Tithíocht Chaighdeánach Údaráis Áitiúil/AHB i gcónaí ná aon rogha eile. Is é an grúpthithíocht an cineál cóiríochta is lú ar a bhfuil tóir. Is ar réadmhaoin

dhá sheomra leapa is mó atá éileamh agus ina dhiaidh sin réadmhaoin ceithre sheomra leapa. B’fhearr le formhór na dteaghlach a bheith ina gcónaí sa chathair.

Táthar ag tuar go mbeidh 259 aonad cóiríochta ag teastáil i gcathair na Gaillimhe le freastal ar theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil le linn an chéad chláir eile.

Ní áirítear sa bhfigiúr seo an 143 duine a mheastar a bheidh 18 mbliana d'aois thar shaolré an chláir, rud a d’fhágfadh go bhféadfadh go mbeadh gá le haonaid bhreise le haghaidh teaghlaigh nuachruthaithe sa ghrúpa áirithe seo.

Cuid 6 Spriocanna Bliantúla

Tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe freastal ar riachtanais chóiríochta theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil ar na bealaí seo a leanas:

- Tithíocht Chaighdeánach a chuireann na hÚdaráis Áitiúla & Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ar fáil
- Grúpthithíocht ar Leith don Lucht Siúil & Bánna Láithreáin Stad
- Scéimeanna Cóiríochta Cíosa Príobháideacha - Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, An Scéim Cóiríochta Cíosa, An Scéim don Léasú Fadtéarmach

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na spriocanna maidir le seachadadh le linn an chláir.

Spriocanna an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029

Cineál Cóiríochta	2025	2026	2027	2028	2029	Iomlán
Tithíocht Chaighdeánach Údaráis Áitiúil & AHB (Aistrithe san áireamh)	35	40	40	40	40	195
Scéimeanna Grúpthithíochta ar Leith don Lucht Siúil	0	0	0	0	Respond Dhamhach Uisce (4) An Caorán(6)	10
Athchóiriú ar Chóiríocht don Lucht Siúil 2 Scéim	0	Bóthar Thuama (7)	Dabhach Uisce (5)	0	0	12

Caithfear dul i gComhairle leis na Teaghlaigh						
Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS)	1	1	1	1	1	5
Scéim Léasú Fadtéarmach	1	1	1	1	1	5
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)	5	5	5	5	5	25
Iomlán	42	54	52	47	57	252

Scéimeanna Tithíochta ar Leith don Lucht Siúil

Tá sé beartaithe 10 n-aonad de ghrúpthithíocht a chur ar fáil le linn an chláir, 4 aonad de ghrúpthithíocht ag láithreán Respond Dhabhach Uisce agus 6 aonad ag láithreán an Chaoráin. Tá gach togra faoi réir cead pleanála. Líonfar folúntais gan choinne de réir chomhoiriúnacht an Lucht Siúil agus iarratais aonair.

Scéim Tionachta Measctha:

Tá sé i gceist staidéar féidearthachta a dhéanamh chun aonaid chóiríochta a thógáil faoi scéim tionachta measctha ag láithreán Fhána Glas.

Cóiríocht Láithreáin Stad ar leith don Lucht Siúil

Láithreán Stad Neamhbhuan Cheathrú an Bhrúnaigh

Oibreoidh an chomhairle le teaghlaigh ar an láithreán a dteastaíonn uathu athlonnú chuig cineálacha eile cóiríochta, lena n-áirítear grúpthithíocht, agus chun aon tionóntachta nua a chuirfí ar fáil ar an láithreán a bhainistiú ar mhaithe le leas na

teaghlaigh ar fad. Cuirfear comhairliúchán agus moltaí maidir le riachtanais chóiríochta fhadtéarmacha na dteaghlach i gcrích le linn an chláir.

Láithreán Stad Chúl Trá

Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe de bheith ag obair le hIontaobhas Deoise na Gaillimhe le ceisteanna leanúnacha faoi chúrsaí cóiríochta a réiteach agus an plódú ag láithreán Chúl Trá a laghdú.

Láithreán Stad Dhabhach Uisce agus Bhóthar Thuama

Tá sé beartaithe aonaid a athchóiriú ag láithreacha Stad Dhabhach Uisce agus Bhóthar Thuama i gcomhairle leis na teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu ansin. Cinnfear an bhfuil gá le hoibreacha athchóirithe bunaithe ar an tsuirbhé ar chúinsí atá le déanamh ag an dá láthair stad agus faoi réir maoiniú a bheith faighte ón DHLGH. Is í an Fhoireann Oibríochtaí Tithíochta a dhéanfaidh an obair seo faoin bhfeidhm Forbartha Sóisialta.

Láithreán Stad Neamhbhuan Cheathrú an Bhrúnaigh

Is suíomh neamhúdaraithe é láithreán Stad Sealadach Cheathrú an Bhrúnaigh agus tá sé suite i limistéar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Mar gheall air sin, caithfear imeacht as an láthair. Tá sé i gceist an láthair seo a dhúnadh thar shaolré an chláir agus cóiríocht eile a chur ar fáil do gach teaghlach. Tá comhairliúcháin ar bun idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu ag an láithreán stad seo chun roghanna malartacha cóiríochta a fhiosrú.

Measúnú ar an nGá atá le Láithreán Stad Neamhbhuan

Tugann Comhairle Cathrach na Gaillimhe aitheantas don mhodh maireachtála fánach a bhaineann le cultúr an Lucht Siúil. Le linn an chláir, tabharfaidh an chomhairle faoi mheasúnú chun athbhreithniú a dhéanamh ar

an ngá atá le Láithreán Stad Neamhbhuan. Déanfar rianú ar na hiarratais ar bhánna neamhbhuan thar shaolré an chláir, déanfar rianú ar fhorbairtí maidir leis an gceist seo ag an leibhéal náisiúnta, agus déanfar staidéar ar chur chuige indéanta bunaithe air seo.

Oibreacha Breise ag Grúpthithíocht ar Leith don Lucht Siúil & ag Bánna Láithreáin Stad

Suirbhé ar Chúinsí

Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe suirbhé ar chúinsí ar an stoc Cóiríochta don Lucht Siúil le linn an chláir seo. Is éard atá i gceist leis an suirbhé ar Chúinsí ná go dtabharfadh 1-2 conraitheoirí suirbhé atá ag obair thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi amharcshuirbhé ar ghnéithe seachtracha agus inmheánacha den réadmhaoin (teas, leictreachais, trealamh sábháilteachta dóiteáin, fuinneoga, doirse, cosáin srl). San áireamh freisin beidh suirbhé ar limistéir choiteanna taobh istigh de Ghrúpscéimeanna (cosáin, soilsiú, draenáil srl) nuair a bhaineann le hábhar.

Déanfar taifead ar na nótaí suirbhé agus ar na grianghraif a bhaineann le creatlach, daingneáin agus feistis an fhoirgnimh. Úsáidfear an t-eolas a bhaileofar sa suirbhé chun Comhairle Cathrach na Gaillimhe a chur ar an eolas faoi aon oibreacha deisiúcháin ba ghá a dhéanamh ar an réadmhaoin.

Chomh maith leis an suirbhé ar chúinsí, déanfar dearadh mionsonraithe, costálacha agus measúnú riosca tionscadail le haghaidh scéim bréanchamrais ar an gcóiríocht ag Láithreán Stad Bhóthar Thuama.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe sásta pleananna agus cláir a chur i bhfeidhm chun deacrachtaí a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil a réiteach, nuair is féidir,

agus nuair a chuireann an tAonad Cóiríochta don Lucht Siúil agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniú ar fáil.

Córas Rabhaidh Aimsire Stoirme

Déanfar córas rabhaidh aimsire stoirme a fhorbairt le haghaidh gach láithreán stad sa chathair ionas go bhféadfar teaghlaigh a chur ar an eolas faoi dhrochaimsir. Nuair a bheidh sé bunaithe oibreoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe chun úsáid an chórais rabhaidh aimsire stoirme a chur chun cinn i measc Tionóntaí ag na cóiríochtaí ar Leith don Lucht Siúil.

Cuirfear obair ar leith i gcrích ag Láithreán Stad Sealadach Cheathrú an Bhrúnaigh. Cuirfear measúnú i gcrích ar chúinsí drochaimsir agus ar na rioscaí a bheadh i gceist don chóiríocht shealadach agus críochnófar na cosaintí struchtúracha. Leanfar de bheith ag athbhreithniú agus ag nuashonrú na bpleananna aslonnaithe éigeandála don laithreán.

Le linn an chláir, áireofar Bainistíocht Aimsire Stoirme mar mhír shonrach ar an gclár oibre d'Fhoghrúpa Bainistíochta Eastáit LTACC.

Conclúid

Níl sa réamhmheasúnú ar riachtanais chóiríochta sa chlár seo ach meastachán agus déanfar iad a rianú lena chinntiú go bhfuil meastachán sásúil déanta. Braitheann seachadadh na spriocanna ar na hacmhainní a bhíonn ar fáil don roinn le linn an chláir.

Cuid 7 Cearta an Duine, Comhionannas agus Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do chur i bhfeidhm leanúnach an dualgais a bhaineann le comhionannais agus cearta an duine atá leagtha amach in Alt 42 d' Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Dírítear go leanúnach ar chomhionannas agus ar chearta an duine i ngach oibríocht agus i ngach feidhm de chuid na comhairle agus forbraíodh ráiteas Luach Comhionannais agus Chearta an Duine agus plean forfheidhmithe dualgais na hearnála poiblí ar mhaithe leis an gcur chuige seo a bhrú chun cinn.

Agus an clár á ullmhú, d'úsáid Comhairle Cathrach na Gaillimhe an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a mbíonn ar an Lucht Siúil aghaidh a thabhairt orthu agus a raibh baint acu le soláthar agus bainistiú na cóiríochta don Lucht Siúil, a ullmhaíodh i bpáirt leis an LTACC mar chuid den athbhreithniú meántéarmach ar an gclár a tháinig roimhe seo. Tá na saincheisteanna seo leagtha amach in Aguisín 2. Tá sé seo á dhéanamh chun céim an Mheasúnaithe den Dualgas a chomhlíonadh.

Le linn don chlár a bheith a ullmhú agus á dhréachtú, díríodh go leanúnach ar na saincheisteanna seo chun a chinntiú go dtabharfaí aghaidh orthu go sásúil agus go cuí. Ag an gcéim dheiridh, rinneadh athbhreithniú ar an gclár i mbeart rannpháirteach chun a fháil amach ar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna sin, cén áit ar tugadh aghaidh orthu agus cén chomh maith agus a tugadh aghaidh orthu. Cuireadh leasuithe a aithníodh agus an beart seo ar bun san áireamh sa chlár ina dhiaidh sin. Tá an teimpléad san áireamh in Aguisín 3. Tá sé seo á dhéanamh chun an chéim Dul i nGleic den Dualgas a chomhlíonadh.

Le linn don chlár a bheith á chur i bhfeidhm, déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhar leis an LTACC, rianú agus tuairisciú bliantúil ar an dul chun cinn agus ar an méid atá bainte amach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna

comhionannais agus cearta daonna seo. Bainfear úsáid as an tuarascáil seo chun tuilleadh machnaimh a dhéanamh maidir lena chinntiú go mbeadh freagairt éifeachtach ar na ceisteanna sin. Tá sé seo á dhéanamh chun céim na Tuarascála den Dualgas a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe, le rannpháirtíocht an LTACC, Plean Gníomhaíochta Comhionannais agus tá sí á chur i bhfeidhm i rith an ama. Forbraíodh é seo mar fhreagra ar Athbhreithniú Comhionannais a bhí déanta ar sholáthar cóiríochta don Lucht Siúil ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar chuireadh ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe, le rannpháirtíocht an LTACC, de bheith ag cur an Phlean Gníomhaíochta Comhionannais seo i bhfeidhm thar shaolré an chláir seo.

Mar chuid dá plean corparáideach, tabharfaidh an chomhairle aird ar chleachtais chomhionannais agus frith-idirdhealaithe. Tá sé mar aidhm ag Cairt Chustaiméirí na Comhairle (Aguisín 5) a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach custaiméir agus grúpa, i gcomhréir leis an reachtaíocht chomhionannais agus le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Is féidir gearáin faoin gcairt a bhaineann le leithcheal a dhéanamh le; customerservice@galwaycity.ie Déanfar rianú ar gearáin faoi leithcheal a bhaineann le tithíocht agus cóiríocht don Lucht Siúil a chuirtear faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le linn thréimhse an chéad chláir eile.

Mar fhocal scoir, tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do chur chuige comhionannais agus cearta an duine agus í ag soláthar agus ag bainistiú na chóiríochta don Lucht Siúil i gcomhréir le dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Cuid 8 den Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025 2029

Athbhreithnithe Bliantúla

Foráiltear le halt 17 (1)(a) d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998, go ndéanfaidh údarás tithíochta iomchuí athbhreithniú ar a Chlár Cóiríochta uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse trí bliana, nó ag cibé tráth a ordóidh an tAire. Caithfear aon leasú ar an gClár Cóiríochta a mholtar tar éis aon athbhreithniú den chineál sin a dhéanamh laistigh de sheacht mí agus is gá go mbeadh sé faoi réir na nósanna imeachta agus na gceanglas céanna lena n-áirítear comhairliúchán poiblí. D'ordaigh an tAire, faoi Alt 17 (1) d'Acht 1998, gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Cóiríochta tráth nach déanaí ná 30 Meitheamh 2027. Éilíonn an fhoráil seo go ndéanfaí athbhreithnithe níos minice, más gá.

Cuirfear i gcrích athbhreithniú agus tuairisciú bliantúil ar an dul chun cinn a bhí déanta ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a ndearnadh measúnú orthu faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Cuirfear an tuarascáil san áireamh san athbhreithniú bliantúil reatha a rianaíonn dul chun cinn an chláir agus a bheidh mar ábhar plé ag an LTACC.

Aguisín

Aguisín 1 – Liosta na n-aighneachtaí a bhí faighte

Seirbhís
COPE na Gaillimhe
Síomón na Gaillimhe
Fóram Réigiúnach Sláinte an Lucht Siúil FSS (CHO2)
Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe
Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe
Comhaighneacht ó Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann, Fóram Náisiúnta na mBan don Lucht Siúil, Pointe Pavee & Ionad na Romach
Pobal roimh Bhrabús
Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe
CENA Tithe atá Oiriúnach ó thaobh Cultúir AHB
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Cónaitheoirí an Chaoráin

Aguisín 2 - Measúnú ar shaincheisteanna a bhaineann le Comhionannais agus Cearta an Duine ar tugadh fúthu i gcomhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Agus í ag tabhairt faoin measúnú seo, lean Comhairle Cathrach na Gaillimhe treoir a d'eisigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, lena n-áirítear go mbeadh an measúnú bunaithe ar fhianaise agus go mbeadh rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha i gceist. Ba chóir a thabhairt faoi deara, de réir an Dualgais, nach measúnú atá anseo ar fheidhmíocht an chomhlachta phoiblí maidir le comhionannas agus cearta an duine. D'fhéadfaí a chur san áireamh agus tá siad curtha san áireamh saincheisteanna a bhfuil an comhlacht poiblí ag oibriú orthu cheana féin nó a bhfuil sé beartaithe aige é sin a dhéanamh.

Eagraítear na saincheisteanna a bhaineann le comhionannais agus cearta an duine faoi cheannteidil na luachanna comhionannais agus cearta an duine a spreagann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i leith na saincheisteanna seo.

Baineann **dínit** le: aire a thabhairt do dhaoine agus meas a bheith orthu. Is éard atá i gceist leis ná glacadh le héagsúlacht agus cearta daoine a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé oibriú le daoine ar bhealach neamhbhreithiúnach agus cothrom, bunaithe ar chothromaíocht ó thaobh measa de.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann leis an luach seo a mbíonn ar an Lucht Siúil dul i ngleic leo agus atá ábhartha agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil á ullmhú nó á athbhreithniú:

- Ardleibhéil leithcheala agus ciaptha, aonair agus córasach araon, gan mórán tuairisciú déanta ar eachtaí dá leithéid sin.
- Steiréitíopáil dhiúltach, le tuairimí bréagacha maidir le riachtanais agus mianta.

Baineann **uathriail** le: neamhspleáchas, féinchinntiúchán, rogha agus cur chuige ón mbun aníos. Is éard atá i gceist leis ná a bheith solúbtha ó thaobh dul i ngleic le riachtanais athraitheacha, riachtanais atá ag teacht chun cinn agus atá comhthéacsúil agus tacú leis an gcumas roghanna a dhéanamh agus a bheith páirteach i gcinnteoireacht.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann leis an luach seo a mbíonn ar an Lucht Siúil dul i ngleic leo agus atá ábhartha agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil á ullmhú nó á athbhreithniú:

- Gan dóthain eolais agus tacaíochta a bheith ann le roghanna feasacha a dhéanamh.
- Brú ó thaobh féiniúlacht an duine a cheilt ar mhaithe le leithcheal a sheachaint.
- Easpa rochtana ar an idirlíon.

Rannpháirtíocht: Baineann sé le rannpháirtíocht fhiúntach i gcinnteoireacht agus i bpróisis chuntasachta. Baineann sé leis an gceart éisteacht a fháil agus dúshlán a thabhairt. San áireamh anseo tá díospóireacht oscailte maidir le físeanna comhroinnte a bhunú ach spás a bheith ann le haghaidh difríochtaí agus chomhréiteach.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann leis an luach seo a mbíonn ar an Lucht Siúil dul i ngleic leo agus atá ábhartha agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil á ullmhú nó á athbhreithniú:

- Easpa rannpháirtíochta agus gan tionchar a imirt ar an gcinnteoireacht, mar dhaoine aonair agus mar phobal.
- Gan dóthain comhairliúcháin a bheith déanta maidir le riachtanais.
- Easpa eolais agus easpa tacaíochta ionas go mbeadh rannpháirtíocht agus comhairliúchán éifeachtach ann.

Cuimsiú: Baineann sé le haitheantas a thabhairt do chearta an duine, go háirithe an dream atá faoi mhíbhuntáiste nó a choinnítear amach agus iad a chumasú le páirt a ghlacadh.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann leis an luach seo a mbíonn ar an Lucht Siúil dul i ngleic leo agus atá ábhartha agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil á ullmhú nó á athbhreithniú:

- Gan aitheantais a bheith tugtha don oidhreacht, don chultúr agus don fhéiniúlacht, agus seirbhísí á ndearadh agus á seachadadh.
- Gan freastal a bheith déanta ar an gcultúr agus ar an traidisiún, go háirithe maidir le cóiríocht atá oiriúnach ó thaobh cultúir, fánaíocht, úinéireacht capall, agus gníomhaíocht gheilleagrach de.
- Gan freagairt mar is ceart do na riachtanais shonracha a eascraíonn as na héagsúlachta sa phobal, mar a bhaineann le mná de chuid an Lucht Siúil, baill den Lucht Siúil atá faoi mhíchumas srl.
- Gan sonraí a bheith imdhealaithe ar thalamh an Lucht Siúil, agus gan dóthain airde tugtha ar a bhfuil ag teastáil chun iad a bhailiú agus a úsáid mar is ceart.

Ceartas Sóisialta: Baineann sé le trédhearcacht agus cothroime agus acmhainní eacnamaíocha, oideachais, cultúrtha agus eile á ndáileadh. Is éard atá i gceist leis ná cur chuige réamhghníomhach spriocdhírithe chun tacú leo siúd a bhfuil éagóir á déanamh orthu.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann leis an luach seo a mbíonn ar an Lucht Siúil dul i ngleic leo agus atá ábhartha agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil á ullmhú nó á athbhreithniú:

- Leibhéil arda bochtaineachta agus spleáchais ar thithíocht shóisialta, agus gan dóthain soláthair a bheith ann.
- Leibhéil arda míbhuntáiste mar a bhaineann le gnéithe go leor de chúrsaí tithíochta:
    - Droch-chaighdeán agus caighdeán neamhshábháilte mar a bhaineann le cúinsí maireachtála.
    - Plódú
    - Easpa Dídine
- Easpa rochtana ar chóiríocht phríobháideach ar cíos, mar gheall ar leithcheal agus réadmhaoin atá sách mór a bheith gann.

Ceartas Comhshaoil: Baineann sé le glacadh leis go bhfuil sé de cheart ag an nglúin seo agus ag na glúnta atá le teacht timpeallacht ghlan, shábháilte agus inbhuanaithe a bheith acu. Baineann sé le himní maidir leis an athrú aeráide agus an tionchar a bheidh aige, go háirithe ar ghrúpaí agus ar phobail imeallaithe.

Is iad seo a leanas na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann leis an luach seo a mbíonn ar an Lucht Siúil dul i ngleic leo agus atá ábhartha agus an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil á ullmhú nó á athbhreithniú:

- Bochtaineacht fuinnimh mar gheall ar chostas fuinnimh, leibhéal íseal ioncaim teaghlaigh, agus tithe gan a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de.
- Tionchar éagothrom ag an athrú aeráide, lena n-áirítear na tionchair ar leith a bhíonn ag an drochaimsir ar láithreáin a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil.
- Teagmháil éagothrom i gcomhthéacs paindéimí/eipidéimí víreasacha i suíomhanna cóiríochta atá plódaithe

Aguisín 3 Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029

Athbhreithniú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Faoin gClár Cóiríochta cúig bliana don Lucht Siúil leagtar amach na riachtanais chóiríochta reatha agus réamh-mheasta atá ag an Lucht Siúil i gcathair na Gaillimhe chomh maith leis an soláthar cóiríochta a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin thar an tréimhse cúig bliana 2025-2029.

2. Céim Dul i nGleic

Dínit: Baineann sé aire a thabhairt do dhaoine agus meas a bheith orthu. Is éard atá i gceist leis ná glacadh le héagsúlacht agus na cearta atá ag daoine a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé oibriú le daoine ar bhealach neamhbhreithiúnach agus cothrom, bunaithe ar chothromaíocht ó thaobh measa de.

Saincheisteanna ábhartha a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine
Ardleibhéil leithcheala agus ciaptha, aonair agus chórasach araon, agus gan mórán tuairisciú déanta ar eachtraí dá leithéid sin agus steiréitíopáil dhiúltach, le tuairimí bréagacha i dtaobh riachtanais agus mianta.

Leasuithe:

- Mar chuid dá plean corparáideach, tabharfaidh an chomhairle aird ar chleachtais chomhionannais agus frith-idirdhealaithe. Mar chuid dá Cairt Chustaiméirí (Aguisín 5), tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach custaiméir agus le gach grúpa, i gcomhréir leis an reachtaíocht chomhionannais agus le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Is féidir gearáin faoin gCairt a bhaineann le leithcheal a dhéanamh le; customerservice@galwaycity.ie Déanfar rianú ar ghearáin faoi leithcheal a bhaineann le tithíocht agus cóiríocht don Lucht Siúil a dhéantar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe le linn thréimhse an chéad chláir eile.
- Cuirfear oiliúint ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ar fáil d'fhoireann Tithíochta & do Chomhairleoirí agus do

bhaill LTACC, ag baint úsáide as modúl ríomhfhoghlama IHREC https://elearning.ihrec.ie/ agus do thionscnaimh chomhpháirtíochta le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe. Cuirfear modúl ríomhfhoghlama IHREC ar dhualgas na hEarnála Poiblí ar fáil freisin do gach Ceann Feidhme laistigh den chomhairle chun é a oscailt amach don fhoireann.

- Ar leibhéal náisiúnta, tugadh faoi deara go raibh leithcheal á dhéanamh ar an Lucht Siúil ag tiarnaí talún HAP & RAS. Tá forálacha san Acht um Stádas Comhionann chun daoine, lena n-áirítear baill den Lucht Siúil, a chosaint ar leithcheal den chineál sin. Nuair a chuirfear tuilleadh tithíocht phríobháideach agus phoiblí ar fáil cuideoidh sé le réadmhaoine bhreise a chur ar fáil faoi na scéimeanna HAP agus RAS. Tá athbhreithniú ar an scéim RAS ar siúl agus tabharfar chun críche é faoi dheireadh na bliana (2024). Táthar ag súil go mbeidh moltaí san athbhreithniú chun tiarnaí talún a mhealladh chuig an margadh cíosa príobháideach agus, dá réir sin, go mbeidh níos mó deiseanna ag teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil cóiríocht a fháil san earnáil phríobháideach cíosa. Déanfar SCC a rianú, agus leagfar síos spriocanna chun rochtain níos fearr a chinntiú do theaghlaigh atá san earnáil phríobháideach cíosa. Mar chuid den rianú sin díreofar ar thaithí ar an leithcheal, sa chaoi gur féidir freagairt a fhorbairt sa chás go dtarlaíonn sé.
- Tacaíonn an Chomhairle le coincheap na 'gComharsanachtaí Comhroinnte', atá bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta cultúrtha agus na n-idirghníomhaíochtaí idirchultúrtha dearfacha, agus glacfaidh sí bearta chun cuir chuige a fhorbairt a dhéanfaidh 'Comharsanachtaí Comhroinnte' a spreagadh agus a thacóidh leo, ag plé leis an Lucht Siúil agus leis an tsochaí i gcoitinne, chun inniúlacht idirchultúrtha a bhunú agus féiniúlacht chomhchoiteann a chumasú laistigh dá pobail.
- Nóta: Baineadh amach an tagairt do Dúchasach

Neamhspleáchas: baineann sé le neamhspleáchas, féinchinntiúchán, rogha agus cur chuige ón mbun aníos. Is éard atá i gceist leis ná a bheith solúbtha ó thaobh dul i ngleic le riachtanais athraitheacha, riachtanais atá ag teacht chun cinn agus atá comhthéacsúil agus tacú leis an gcumas roghanna a dhéanamh agus a bheith páirteach i gcinnteoireacht.

Saincheisteanna ábhartha a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine: Gan dóthain eolais agus tacaíochta a bheith ann le roghanna feasacha a dhéanamh. Brú ó thaobh féiniúlacht an duine a cheilt ar mhaithe le leithcheal a sheachaint. Easpa rochtana ar an idirlíon.

Leasuithe:

- Cuirfear comhairle agus cúnamh ar fáil d'iarratasóirí ar thithíocht shóisialta agus/nó dá n-ionadaithe, má iarrann an t-iarratasóir é, chun aghaidh a thabhairt ar aon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus an próiseas Iarratais ar Thithíocht á chur i gcrích. Tá *Easy Read Guide* ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun an tIarratas Tithíochta a líonadh isteach, agus tá sé curtha ar fáil do Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe mar chuidiú dá mbaill. Cuireadh liosta de na seirbhísí tacaíochta ar fáil chun cabhrú le hiarratasóirí a n-iarratais ar Mheasúnuithe ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta a líonadh isteach.
- Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbun Lámhleabhar Soléite ar Roghanna Tithíochta Sóisialta a fhorbairt, go sonrach don Lucht Siúil. Áireofar sa lámhleabhar nósanna imeachta chun cásanna a bhainistiú/fadhbanna a réiteach ar nós inbhuanaitheacht tionóntachta, díshealbhuithe, fógra fágála srl.
- Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe ag obair le chéile chun eolas faoin gclár seo a scaipeadh, agus oibriú ar thacaíochtaí/suirbhéanna/saincheisteanna Tithíochta trí sheirbhís Oibrí Cúram Sláinte Pobail FSS/GTM agus trí Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe. Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe de bheith ag cur eolais ar fáil trí úsáid a bhaint as cineálacha traidisiúnta cumarsáide, trína láithreán gréasáin agus trína cainéil meán sóisialta.
- Tá ceist Aitheantais Lucht Siúil san iarratas Tithíochta, agus líonann na hiarratasóirí an chuid seo den fhoirm isteach dá ndeoin féin. Tabharfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe, faoi fheachtais faisnéise chun an tábhacht a bhaineann leis a chur chun cinn agus iarratasóirí a spreagadh leis an gcuid seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach. Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta lámhleabhar cuimsitheach agus oiliúint phearsanta ar fáil don fhoireann atá i gceannas ar Mheasúnuithe Tithíochta. Díríonn cuid den oiliúint sin ar cheist Aitheantais an Lucht Siúil a fhreagairt, laistigh de chreat comhionannais. Cinnteoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe go rachaidh an fhoireann ábhartha i mbun na hoiliúna seo agus rianóidh sí cinneadh na n-iarratasóirí an rogha a dhéanamh ceist Aitheantais an Lucht Siúil a líonadh isteach agus glacfaidh sí céimeanna chun é sin a chothú agus a fheabhsú de réir mar is gá.
- San Athbhreithniú Meántéarma de chuid TAP (2022) measadh go raibh easpa rochtana ar an idirlíon ina saincheist mar a bhaineann le Comhionannais agus Cearta an Duine. Mar fhreagra ar an ngá a bhí ann ag an am sin, ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirt i dtionscadal píolótach dhá bhliain chun rochtain ar Wi-Fi a fheabhsú i gcomharsanacht Láithreán Stad Bhóthar

Thuama. De bharr gur thosaigh tomhaltóirí ag ceannach sonraí soghluaiste níos saoire ní raibh an oiread Wifi á úsáid agus cuireadh deireadh leis an tionscadal. Tá raon de sholáthraithe idirlín ag cur leathanbhanda ardluais ar fáil dá daonra i gCathair na Gaillimhe faoi láthair le haghaidh réimse gníomhaíochtaí agus ar an mbonn sin meastar nach gá go mbainfeadh easpa rochtana ar an idirlíon leis an gclár reatha.

Rannpháirtíocht: Baineann sé le rannpháirtíocht fhiúntach i gcinnteoireacht agus i bpróisis chuntasachta. Baineann sé leis an gceart éisteacht a fháil agus dúshlán a thabhairt. San áireamh anseo tá díospóireacht oscailte maidir le físeanna comhroinnte a bhunú ach spás a bheith ann le haghaidh difríochtaí agus comhréiteach.

Saincheisteanna ábhartha a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine: Easpa rannpháirtíochta agus gan tionchar a bheith á imirt ar an gcinnteoireacht, mar dhaoine aonair agus mar phobal. Gan dóthain comhairliúcháin a bheith déanta maidir le riachtanais. Easpa eolais agus easpa tacaíochta ionas go mbeadh rannpháirtíocht agus comhairliúchán éifeachtach ann.

Leasuithe:

- Tá Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe comhdhéanta de Chathaoirleach neamhspleách, 6 Chomhairleoir Cathrach tofa, 3 Ionadaí tofa don Lucht Siúil, 1 Ionadaí ó Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe agus raon oifigeach de chuid na Comhairle. Socraítear ionadaíocht an Lucht Siúil ar an gcoiste trí phróiseas toghcháin trína

  Vótálann an lucht siúil sa chathair ar son an ionadaí is fearr leo. Is é príomhchuspóir an LTACC agus a fhochoistí ná beartas tithíochta an Lucht Siúil a bhrú chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil i bhfeidhm. Tacaíonn an dá fhochoiste le hobair an LTACC: Bainistíocht agus Oibriúcháin Eastáit

Is é ról reachtúil LTACC ná:

- comhairle a thabhairt maidir le hullmhú agus cur chun feidhme TAP
- comhairle a thabhairt maidir leis an mbainistiú ar chóiríocht don Lucht Siúil, agus
- idirchaidreamh a chruthú idir an Lucht Siúil agus baill agus oifigigh an údaráis áitiúil.

Tugadh ról don LTACC maidir leis an bplean gníomhaíochta um chomhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn i dtaca leis an gcóiríocht don Lucht Siúil agus

ó thaobh tacú le cur i bhfeidhm an Dualgais. Ghlac Comhairle Cathrach na Gaillimhe Prótacal Cumarsáide chun caidrimh oibre agus feidhmiú éifeachtach a LTACC a chumasú bunaithe ar a luachanna dínite, neamhspleáchais, rannpháirtíochta, cuimsithe, ceartais shóisialta agus ceartais chomhshaoil. Is doiciméad oibre é an Prótacal Cumarsáide agus beidh sé faoi réir athbhreithniú agus nuashonrú leis an LTACC nua.

- Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh ag dul i gcomhairle le teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil chun staidéar a dhéanamh ar mhodhanna níos fearr le sonraí a bhailiú chun go bhféadfar léargas cruinn a fháil ar na riachtanais atá ag Teaghlaigh an Lucht Siúil sa chathair. Leanfaimid orainn ag úsáid modhanna bailithe sonraí amhail páipéar, suirbhéanna teileafóin, dul i gcomhpháirtíocht le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe le haghaidh comhairliúcháin phearsanta agus fiosróimid an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint le linn an chéad chláir eile as suirbhéanna faoi stiúir an Lucht Siúil, ag dul ó dhoras go doras agus trí shuirbhéanna digiteacha.
- Tá foireann an Aonaid Cóiríochta don Lucht Siúil ar fáil ar an bhfón, trí ríomhphost, trí litir agus trí bhualadh isteach ach choinne a bheith déanta, chun eolas, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil. Leanfaidh na hOifigigh Chóiríochta, Idirchaidrimh agus Bainistíochta Eastáit den Lucht Siúil ag sceidealú cruinnithe pearsanta gach ráithe le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe chun athbhreithniú a dhéanamh ar
  1 - Cásanna a bhaineann le Cóiríocht don Lucht Siúil
  2. -Fadhbanna ag cóiríochtaí ar leith don Lucht Siúil taobh istigh den chathair

Beidh soláthar for-rochtana a chuirfear ar fáil ar mhaithe leis an gcomhairliúchán le pobal an Lucht Siúil sa chathair a fheabhsú á thairiscint ag cruinnithe an Ghrúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Áitiúil nuair a thosóidh siad arís agus tabharfar cuireadh d'fhoireann Tithíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhar le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe seisiúin eolais ar chúrsaí tithíochta a chur ar fáil ag na cruinnithe sin. Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh le linn thréimhse an chláir ag breathnú ar an ngá agus na deiseanna a bhainfeadh le for-rochtain bhreise agus an deis tabhairt faoi fhor-rochtain bhreise.

Is éard atá i gceist le **cuimsiú** ná glacadh leis an gceart atá ag daoine, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste agus atá coinnithe amach, páirt a ghlacadh agus a cuidiú leo a bheith páirteach.

Saincheisteanna ábhartha comhionannais agus chearta an duine Easpa aitheantais don oidhreacht, don chultúr agus don fhéiniúlacht, agus seirbhísí á ndearadh agus á seachadadh. An soláthar don chultúr agus don traidisiún a

bheith easnamhach, go háirithe maidir le cóiríocht a bheadh oiriúnach ó thaobh cultúir, fánaíocht, úinéireacht capall, agus gníomhaíocht gheilleagrach de. Freagairt easnamhach ar na riachtanais ar leith a bhaineann leis an éagsúlachta sa phobal, ó thaobh mná de chuid an Lucht Siúil, baill den Lucht Siúil atá faoi mhíchumas etc. Gan sonraí a bheith roinnte ar thalamh an Lucht Siúil, agus gan dóthain airde a bheith tugtha ar a bhfuil ag teastáil chun iad a bhailiú agus a úsáid go cuí.

Leasuithe:

- Is dúshlán i gcónaí é seirbhísí do dhaoine gan dídean a sholáthar atá freagrúil do riachtanais chultúrtha theaghlaigh an Lucht Siúil agus tá gá le taighde náisiúnta. Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe riachtanais shonracha theaghlaigh an Lucht Siúil maidir le freagairtí ar easpa dídine a rianú agus a thaifeadadh, d'fhonn a fháil amach an bhféadfaí freagairtí cóiríochta a bhainfeadh go sonrach leis an Lucht Siúil agus a bheadh oiriúnach ó thaobh cultúir de a fhorbairt. Oibreoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le tionscadal piarthreoraithe Genio faoi stiúir Ghluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe sa réimse seo chun an cur chuige seo a fhorbairt tuilleadh. Chomh maith leis sin, coinneoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe suas chun dáta le Straitéis Ghluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann sa réimse seo; https://itmtrav.ie/our-work/accommodation/accommodation-key-issues/
- Tabharfar chun críche agus cuirfear i bhfeidhm Beartas Bainistíochta Eastáit a Bhainfidh go Sonrach leis an Lucht Siúil faoi Ráithe 1 2025.
- Leanfaidh Obair Thionscadal Phobail Ildánacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh ag plé le pobal an Lucht Siúil
- Fiosróidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an bhféadfaí dul i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe ar ar mhaithe le grúpa idirghníomhaireachta a bhunú chun tionscadal Capall a fhorbairt do theaghlaigh de chuid an Lucht Siúil sa chathair agus sa chontae le linn an chéad chláir eile.
- Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tar éis samhlacha le haghaidh dearadh láithreáin atá rangaithe mar Ghrúpthithíocht ar Leith don Lucht Siúil a fhorbairt ag láithreán an Chuarbhóthair. Agus na haonaid á ndearadh, thacaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe leis an gcomhairliúcháin le teaghlaigh ag an láithreán maidir le dearadh na dtithe ansin. Leanfar de bheith ag cur na samhlacha le haghaidh dearadh an láithreáin i bhfeidhm.
- Tá gá le beart scóipe chun a fháil amach an bhfuil gá le laithreán neamhbhuan chun aghaidh a thabhairt ar shaol fánaíochta an Lucht Siúil Déanfar rianú ar na hiarratais ar bhánna neamhbhuan thar shaolré an chláir,

déanfar rianú ar fhorbairtí maidir leis an gceist seo ag an leibhéal náisiúnta, agus déanfar staidéar ar chur chuige indéanta bunaithe air seo.

- Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag athbhreithniú go leanúnach na riachtanais atá ag iarratasóirí de chuid an Lucht Siúil a bhfuil riachtanas míchumais acu faoi na ceithre chatagóir: Meabhairshláinte, Sláinte Fhisiciúil, Chéadfach agus Intleachtúil, áirítear leis seo teaghlaigh a bhfuil leanbh faoi mhíchumas acu. Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (HDSG) chun tacú le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas. Tá 5 Fhoghrúpa HDSG in situ ag an nGrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais anois le príomhghníomhaireachtaí seachtracha chun réitigh chomhoibríocha a chur chun cinn d'iarratasóirí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. San áireamh anseo atá:
  Foghrúpa HDSG um Shláinte Fhisiciúil & Céadfach ar ar fhreastail Comhairle Cathrach na Gaillimhe, FSS agus Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann;
  Foghrúpa HDSG um Míchumas Intleachtúil ar ar fhreastail Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bráithre na Carthanachta agus Ability West;

D'fhreastail Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhordaitheoir Meabhairshláinte FSS agus Sophia Housing ar an bhFoghrúpa HDSG um Mheabhairshláinte. Foghrúpa HDSG do Leanaí faoi Mhíchumas ar ar fhreastail Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Oibrí Sóisialta Cúraim Phríomhúil FSS do Leanaí agus Enable Ireland Tagann Foghrúpa Inmheánach HDSG, ar a bhfuil baill foirne ó Chaipiteal Tithíochta, Cothabháil Tithíochta, baill de na foirne Leithdháiltí agus foirne Oibre Sóisialta le chéile d'fhonn athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an stoc tithíochta agus ar riachtanais na ndaoine ar an liosta feithimh tithíochta a bhfuil riachtanas míchumais acu.

- Ó 2022 i leith, tá ceist aitheantais don Lucht Siúl mar chuid den fhoirm Iarratais Tithíochta don Lucht Siúil agus is féidir le hiarratasóirí í a líonadh isteach dá ndeoin féin. Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag obair le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe chun iarratasóirí a spreagadh le ceist Aitheantais an Lucht Siúil a líonadh isteach ionas go mbeidh na sonraí a bhailítear ionadaíoch ar riachtanais an Lucht Siúil sa chathair. Cuirfear oiliúint ar bhaill foirne Measúnaithe Tithíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe tríd an oiliúint a chuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta ar fáil maidir le húsáid an Aitheantais Lucht Siúil. Chomh maith leis sin, leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar aghaidh ag cur eolais faoin gclár seo chun cinn, mar a bhaineann le tacaíochtaí tithíochta, suirbhéanna agus saincheisteanna trí sheirbhís Oibrí Cúraim Sláinte Pobail FSS/GTM agus go díreach trí GTM

d'fhonn a chinntiú go mbíonn an t-aitheantas cuí tugtha dá gcuid riachtanas. Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe de bheith ag cur eolais ar fáil trí úsáid a bhaint as cineálacha traidisiúnta cumarsáide, trína láithreán gréasáin agus trína cainéil meán sóisialta.

Ceartas Sóisialta: Baineann sé le trédhearcacht agus cothroime agus acmhainní eacnamaíocha, oideachais, cultúrtha agus eile á ndáileadh. Is éard atá i gceist leis ná cur chuige réamhghníomhach spriocdhírithe chun tacú leo siúd a bhfuil éagóir á dhéanamh orthu.

Saincheisteanna ábhartha a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine: Leibhéil arda bochtaineachta agus spleáchais ar thithíocht shóisialta, agus gan dóthain soláthair a bheith ann. Leibhéil arda míbhuntáiste mar a bhaineann le gnéithe go leor de chúrsaí tithíochta: Cúinsí maireachtála atá go dona agus nach bhfuil sábháilte, Plódú; Easpa dídine. Gan rochtain a bheith ar chóiríocht phríobháideach ar cíos, mar gheall ar idirdhealú agus gan mórán den réadmhaoin atá sách mór a bheith ar fáil. Easpa comhoibrithe idir gníomhaireachtaí agus idir ranna

Leasuithe:

- Braitheann sé ar chinneadh náisiúnta an gcuirfear an Scéim Iasachta Carbhán a chur i bhfeidhm go leanúnach. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta i gcónaí maidir lena cur i bhfeidhm agus a luaithe agus dhéanfar í a athnuachan féachfaidh sí le teacht ar chur chuige iomlánaíoch maidir lena cur i bhfeidhm, agus déanfar iarracht bealaí éifeachtacha a aimsiú chun dul i ngleic leis na costais bhreise bhunaíochta nuair a bheidh an leantóir faighte.
- Tá scála an phlódaithe agus na heaspa dídine ceilte agus follasach agus déanfar é a rianú thar shaolré an chláir. Is meastachán ar riachtanais chóiríochta sa todhchaí atá sa chlár seo agus déanfar iad a rianú lena chinntiú go raibh meastachán cuí déanta.
- Níor tháinig grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Chathair na Gaillimhe le chéile ó 2022 chun aghaidh a thabhairt ar réimse de shaincheisteanna sóisialta a bhaineann leis an Lucht Siúil sa chathair. Tá athmhúscailt an ghrúpa idirghníomhaireachta seo ar cheann de na bearta atá sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail atá le cur chun cinn ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

Ceartas Comhshaoil: Baineann sé le glacadh leis go bhfuil sé de cheart ag an nglúin seo agus ag na glúnta atá le teacht timpeallacht ghlan, shábháilte agus

inbhuanaithe a bheith acu. Baineann sé le himní maidir leis an athrú aeráide agus an tionchar a bheidh aige, go háirithe ar ghrúpaí agus ar phobail imeallaithe.

Saincheisteanna ábhartha a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine: Bochtaineacht fuinnimh mar gheall ar chostas fuinnimh, leibhéal íseal ioncaim teaghlaigh, agus tithe gan a bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Tionchar éagothrom ag an athrú aeráide, lena n-áirítear na tionchair ar leith a bhíonn ag an drochaimsir ar láithreáin a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil. Teagmháil éagothrom agus tionchar éagothrom i gcomhthéacs paindéimí víreasacha/eipidéimí i láithreáin cóiríochta atá plódaithe.

Leasuithe:

- Cuireadh bearta iarfheistithe i bhfeidhm ar an gcuid is mó de thithíocht shóisialta an Lucht Siúil faoi chéim 1 den chlár iarfheistithe, rud a d'fhág gur tugadh cead isteach do shuiteálaithe agus go raibh deis na háiléir a insliú agus cúrinsliú a phumpáil sna cuasbhallaí. Cuirfear suirbhé stoic i gcrích i Ráithe 4 2024 agus beidh sé mar phríomhchúram i dtaca leis an obair ar na láithreáin amach anseo. Tá dearadh mionsonraithe, costálacha agus measúnú riosca tionscadail á dhéanamh le haghaidh scéim bréanchamrais do na haonaid ag Láithreán Stad Bhóthar Thuama a gcaithfear obair leanúnach a dhéanamh orthu le linn an chéad chláir eile.
- Ag Láithreán Stad Sealadach Cheathrú an Bhrúnaigh tugadh an obair seo a leanas um ghníomhú ar son na haeráide chun críche. Rinne innealtóir comhairleach measúnú ar dhrochaimsir agus ar na rioscaí/tionchar a bheadh ar na foirgnimh, ar thithe soghluaiste agus ar dhaoine ar an láithreán agus tá tuarascáil á ullmhú. Chuir innealtóir comhairleach measúnú ar chosaintí struchtúrtha i gcrích agus bhí tuarascáil faighte. Nuashonraíodh plean aslonnaithe éigeandála go dtí Leagan 3 ó mhí Iúil 2024, chun an pobal a aslonnú ón láithreán stad. Tá iniúchadh á dhéanamh ar chóras rabhaidh stoirme le haghaidh gach láthair stad. Oibreoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe chun úsáid an chórais Foláirimh Aimsire Stoirme a chur chun cinn i measc tionóntaí ag cóiríochtaí a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil. Chomh maith leis sin, beidh Bainistíocht Aimsire Stoirme ina mír shonrach ar an gclár oibre d'Fhoghrúpa Bainistíochta Eastáit LTACC
- Bhí an Seicliosta Náisiúnta ullmhachta do Chóiríocht don Lucht Siúil curtha le chéile chun go mbeifí níos ullmhaithe do Covid 19 agus chun cosc agus rialú ionfhabhtaithe a neartú ar láithreáin stad údaraithe agus neamhúdaraithe don Lucht Siúil agus san Grúpscéimeanna Tithíochta de chuid na nÚdarás Áitiúil a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil. Cé nach doiciméad beo é níos mó,

úsáidfear an fhaisnéis mar Fhoireann Uirlisí ionas go bhféadfar leanúint ar aghaidh ag feabhsú cúinsí ar láithreáin chóiríochta don Lucht Siúil. Oibreoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag leibhéal idirghníomhaireachta ionas go bhféadfar leanúint ar aghaidh ag feabhsú an chosc ar ionfhabhtú agus an rialú ar ionfhabhtú ag na láithreáin ar fad, bídís oifigiúil nó neamhoifigiúil.

Aguisín 4 An Fhoghlaim don Todhchaí a Ghabháil ó Pheirspictíocht agus ó Thaithí an LTACC Reatha - 10 Aibreán 2024

Comhthéacs

Tharla athruithe dearfacha sa chomhthéacs a bhaineann leis an gcéad TAP eile a réiteach agus a chur i bhfeidhm le linn shaolré an LTACC reatha agus leagan siad síos bunchlocha a bhféadfar tógáil orthu:

- Tá Oifigeach Cóiríochta don Lucht Siúil agus Oifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil i mbun oibre anois agus tá sé d'acmhainn acu dul chun cinn nua a spreagadh.
- Tá an LTACC ag feidhmiú go maith, mar atá a dhá fhochoiste.
- Tá sonraí breise ar fáil maidir le haitheantas an Lucht Siúil a bheith in úsáid ar an bhfoirm iarratais tithíochta, agus beidh sé tábhachtach úsáid iomlán a bhaint as na sonraí seo.

Taobh istigh de seo, aithnítear gurb é tógáil agus seachadadh foirgnimh nua an dúshlán is mó atá ann i gcónaí.

An Próiseas le haghaidh TAP

Tá dúshlán ag baint le bheith nuálaíoch agus TAP nua á fhorbairt agus cruthaíodh na coinníollacha chuige seo:

- D'fhéadfaí próisis phleanála rannpháirtíochta nua a úsáid d'fhonn teacht ar smaointe nua agus iad seo a leabú go cuí sa TAP agus beidh sé tábhachtach áit a dhéanamh dó seo.
- Tá na coinníollacha i bhfeidhm le gur féidir dualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine a chur chun feidhme agus an chéad TAP eile á ullmhú agus tá measúnú déanta agus leagtha síos ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine chun go gcuirfear i bhfeidhm iad agus an TAP nua á fhorbairt. Chuirfí feabhas ar an bhfócas atá ar dhualgas comhionannais agus cearta an duine san earnáil phoiblí agus cur chuige uile-eagraíochta ann maidir lena chur i bhfeidhm.

An LTACC

Ba cheart don chéad LTACC eile an cur chuige a forbraíodh a chothú agus a fhorbairt tuilleadh. Sa chás seo:

- Bheadh sé tráthúil an Prótacal Cumarsáide a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.
- B'fhiú an cur chuige a bhaineann le cathaoirleach neamhspleách a bheith ann a choinneáil.
- Is gá tuilleadh béime a chur ar chumarsáid agus ar chothú caidrimh.

Tosaíochtaí don TAP agus d'obair leanúnach an LTACC

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna réimsí tosaíochta a dtabharfar aird orthu agus an chéad TAP eile á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh in obair leanúnach an LTACC:

- An tsamhail chóiríochta atá ag teacht chun cinn i nGaillimh a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil agus atá oiriúnach ó thaobh cultúir de a chur i bhfeidhm agus a bheith ag faire amach le haghaidh treoir nua a thagann chun cinn ón leibhéal náisiúnta.
- An cur chuige nua maidir le bainistíocht eastáit a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm.
- Cuir chuige nua a fhorbairt chun 'comharsanachtaí comhroinnte' a spreagadh.
- Leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta um chomhionannas agus cearta an duine a forbraíodh, agus ag déanamh monatóireachta agus tuilleadh forbartha air de réir mar is gá.
- A chinntiú go gcuirtear leis an athbhreithniú agus go mbunófar go hiomlán an scéim iasachta carbhán agus go gcuirfear i bhfeidhm níos fearr í go háitiúil.
- Cur chuige athghiniúna a chur i bhfeidhm maidir leis an athfhorbairt ar na láithreáin atá ann cheana féin.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chórais logála cothabhála, bunaithe ar dhea-chleachtas.
- Teacht ar shaineolas ó sholáthróirí tithe soghluaiste i gcás láithreáin stad ina mbeidh tithe soghluaiste san áireamh.
- A bheith nuálach maidir le cur chuige fiontar sóisialta a úsáid i gcúinsí ar nós láithreáin neamhbhuana.
- A bheith nuálach maidir le printísigh de chuid an Lucht Siúil a fhostú, agus teagmháil a dhéanamh de réir mar is gá le GRETB d’fhonn é seo a éascú.

Saincheisteanna don TAP agus d'obair leanúnach an LTACC

I measc na saincheisteanna a tugadh faoi deara le linn na tréimhse deiridh, cuid acu nach bhfuil smacht orthu ag an leibhéal áitiúil, tá:

- Dodhéantacht spriocanna HAP/RAS/LTL a bhaint amach.
- Spriocanna a leagadh síos gan a bheith bainte amach.
- Deacrachtaí ann le pleanáil.
- Deacracht ag baint leis na hacmhainní a theastaíonn a fháil ón leibhéal náisiúnta.

10 Aibreán 2024

Aguisín 5 Cairt Chustaiméirí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do sheirbhís ar ard chaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad ar bhealach éifeachtach, cothrom, measúil, rúnda agus neamh-idirdhealaitheach mar atá leagtha amach inár gCairt Chustaiméirí.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe Cairt Custaméirí

Tá tús áite á thabhairt ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe do Sheirbhís agus Cúram Custaiméirí ar ardchaighdeán.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do sheirbhís den chéad scoth a chur ar fáil dá custaiméirí ar fad ar bhealach éifeachtach, cothrom, measúil, rúnda agus neamh-idirdhealaitheach.

Sonraítear sa chairt custaiméirí seo prionsabail na seirbhíse do chustaiméirí ar ardchaighdeán ar féidir a bheith ag súil leo ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Caighdeáin Seirbhíse Ardcháilíochta

Cinnteoimid go bhfuil na caighdeáin seirbhíse ardcháilíochta atá sonraithe inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2021 – 2024 á gcomhlíonadh.

Comhionannas, Éagsúlacht & Cearta an Duine

Cinnteoimid go gcaithfear go comhionann le gach duine agus tacóimid le héagsúlacht na cathrach agus déanfaimid iarracht torthaí comhionanna a chinntiú go gach grúpa, de réir ár nDualgais Earnála Poiblí maidir le comhionannas agus cearta an duine.
Cuirfimid obair i gcrích chun bacainní ar rochtain ar sheirbhísí do dhaoine atá thíos leis de thoradh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a aithint agus chun déileáil leis na bacainní sin.

Oscailteacht agus Neamhchlaontacht

Déileálfaimid leat go cothrom agus go hoscailte. Pléifimid aon ghnéithe den déileáil a bhíonn agat linn agus míneoimid duit conas a ndearnadh cinneadh.

Rochtain Fhisiciúil

Soláthróimid oifigí poiblí glana, inrochtana a chomhlíonfaidh caighdeáin cheirde agus sábháilteachta, agus a éascóidh rochtain do dhaoine atá faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Eolas

Soláthróimid eolas soiléir, cabhrach, beacht agus cothrom le dáta atá éasca a thuiscint.
Úsáidfimid teanga shimplí agus ní úsáidfimid téarmaí teicniúla / dlíthiúla ach amháin nuair is gá. Cinnteoimid go mbeidh ár suíomh gréasáin agus meáin shóisialta cothrom le dáta.
Cosnóimid do chuid eolais ar bhealach a chinntíonn go bhfuil Rialacháin Cosanta Sonraí á gcomhlíonadh againn.

Tráthúlacht agus Cúirtéis

Déileálfaimid le gach custaiméir go tapa, go cúirtéiseach agus go híogair agus beidh aird chuí againn ar phríobháideacht agus ar rúndacht.
Beimid gairmiúil agus cabhrach agus cuirfimid ainm (neacha) teagmhála foirne ar fáil ionas go gcuirtear idirbhearta leanúnacha i gcrích gan stró.

Rogha

Déanfaimid iarracht rogha a thabhairt, más féidir, i ndáil le modhanna íocaíochta, rochtain ar sheirbhísí agus soláthar seirbhísí.
Bainfimid lántairbhe as teicneolaíocht chun soláthar seirbhíse a fheabhsú agus chun rochtain ar líne ar sheirbhísí a sholáthar nuair is féidir.

Comhairliúchán & Measúnú

Soláthróimid cur chuige struchtúrtha i ndáil le comhairliúchán lánbhrí lenár gcustaiméirí, agus rannpháirtíocht ár gcustaiméirí i bhforbairt, soláthar agus athbhreithniú ar sheirbhísí.
Déanfaimid monatóireacht agus measúnú ar ár seirbhísí agus feidhmíocht i gcomparáid leis na tiomantais atá luaite sa Chairt seo agus leanfaimid lenár Seirbhísí do Chustaiméirí a athbhreithniú.
Spreagfaimid custaiméirí chun aiseolas a sholáthar (diúltach nó dearfach) i ndáil le caighdeán na seirbhíse atá curtha ar fáil.

Seirbhísí i dteangacha eile

Freastalóimid ar chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge nó trí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus teangacha eile más féidir.

Cuntasacht

Cuirfimid ár gcuid oibre i gcrích go hionraic agus ag na caighdeáin ghairmiúla is airde i ndáil lenár seirbhísí ar fad agus cinnteoimid go ndéantar cinntí ar mhaithe le leas an phobail.
Déanfaimid monatóireacht ar chomhlíonadh agus cuirfimid athbhreithnithe bliantúla ar chaighdeáin agus ar fheidhmíocht i gcrích agus foilseoimid sonraí maidir le feidhmíocht i gcomparáid le táscairí seirbhíse i raon sheirbhísí na Comhairle inár dTuarascáil Bhliantúil.

Comhordú Níos Fearr

Spreagfaimid cur chuige níos comhordaithe agus níos comhtháite i ndáil le seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí.

Custaiméir Inmheánach

Cinnteoimid go nglactar le baill foirne mar chustaiméirí inmheánacha agus go bhfuil siad oilte go cuí, go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh agus go bhfuiltear ag dul i gcomhairle leo maidir leis na seirbhísí atá á soláthar acu.
Úsáidfimid cainéil chumarsáide chun tacú le agus chun freagairt do róil thábhachtacha cheannaireachta a bhaineann le hionadaíocht, rialachas corparáideach agus ceannaireacht phobail na gComhaltaí Tofa.

Gearáin & Achomhairc

Soláthróimid nós imeachta gearán agus achomharc atá inrochtana, trédhearcach agus éasca le húsáid do chustaiméirí nach bhfuil sásta le caighdeán na seirbhíse atá á cur ar fáil againn -
tá mionsonraí le fáil ag : www.galwaycity.ie/gearain- agus-achomhairc